Rialtas na hÉireann
Government of Ireland

# Ag Cumhachtú Rathúnais

# Tuarascáil Deiridh ar Dhul Chun Cinn Cur Chun Feidhme

Aibreán 2026



Arna ullmhú ag an Roinn Fiontar, Turasóireachta agus Fostaíochta
**gov.ie**

# Clár


**Réamhrá an Aire** — 3

**1. Réamhrá** — 5

**2. Forbhreathnú ar Dhul Chun Cinn** — 7


- Seachadadh Gníomhartha — 7
- Dul Chun Cinn Níos Ginearálta — 11
- Dúshláin Leanúnacha — 16

**3. Ag Cumhachtú Rathúnais – Gníomhartha Nuashonraithe** — 19

**4. Aguisín A – Gluais Téarmaí** — 41

# Réamhrá an Aire





Peter Burke TD
An tAire Fiontar, Turasóireachta
agus Fostaíochta

Tá sprioc uaillmhianach sonraithe i bPlean Gníomhaithe ar son na hAeráide na hÉireann - 20GW d'fhuinneamh in-athnuaite amach ón talamh a chur ar fáil faoin mbliain 2040, trí úsáid a bhaint as ár n-acmhainn mhuirí fhairsing chun ár ngeilleagar a dhícharbónú agus a chinntiú go mbeidh soláthar slán d'fhuinneamh glan ar fáil dár dtír amach anseo - agus tríd an méid sin a dhéanamh, deis a chruthú nach mbíonn ann ach uair amháin gach scór bliain nó mar sin, chun deiseanna forbartha eacnamaíocha nua a chruthú don tír iomlán bunaithe ar fhuinneamh in-athnuaite a tháirgtear anseo ar baile.. Leagadh síos an deis sin mar bhunchuspóir Ag Cumhachtú Rathúnais - earnáil na gaoithe amach ón talamh láidir agus seasmhach a fhorbairt anseo in Éirinn, agus dlús a chur leis an deis atá ann chun tionscail ghlasa nua a fhorbairt bunaithe ar infhaighteacht soláthair chobhsaí agus shláin fuinnimh in-athnuaite atá á ghiniúint sa bhaile. Ní raibh an riachtanas sin chomh tábhachtach riamh roimhe seo i gcomhthéacs na tíre seo is atá anois i bhfianaise na bhforbairtí geopholaitiúla atá tugtha faoi deara le blianta beaga anuas agus an tionchar a bhí acu ar shlándáil sholáthar fuinnimh na hEorpa, agus costas an fhuinnimh.

Seolta ag an Roinn féin in 2024, tugadh Ag Cumhachtú Rathúnais chun críche go sásúil ag deireadh 2025 trí 40 gníomh a raibh tionchar acu, trí na céimeanna tosaigh a chur i gcrích a bhain le slabhra soláthair láidir don ghaoth ón talamh a fhorbairt, agus súil a choinneáil ar dheiseanna sa bhaile agus thar lear chun fuinneamh in-athnuaite amach ón talamh a fhorbairt.

Trí bheith ag obair le Fiontraíocht Éireann, GFT Éireann, cuideachtaí agus forbróirí slabhra soláthair agus ar fud chóras an Rialtais, chuir mo Roinn dlús le gníomhartha a raibh sé mar aidhm leo leanúint ar aghaidh le forbairt an tslabhra soláthair, timpeallacht TF&N láidir a bhunú san earnáil fuinnimh gaoithe ón talamh, tairbhe a bhaint as deiseanna forbartha eacnamaíocha réigiúnacha cothroma, agus deiseanna a bhaineann le héileamh amach anseo. Táimid i ndiaidh dul sa tóir ar dheiseanna comhoibrithe idirnáisiúnta freisin – idir Rialtais agus idir cuideachtaí – chun na réimsí inar féidir linn a bheith ag obair le chéile chun slabhra soláthair láidir Eorpach a bhunú a aithint agus chun déileáil le dúshláin chomhroinnte.

Thar ceann mo Roinne féin, is mian liom buíochas a ghabháil lenár dtionscal agus le páirtithe leasmhara na hearnála fuinnimh, comhghleacaithe Rialtais agus contrapháirteanna idirnáisiúnta as comhoibriú linn, as a bheith nuálach agus toilteanach oibriú lena chéile ar na deiseanna atá ar fáil dúinn. Leanfar ar aghaidh leis an obair seo.

Tá tuiscint mhaith againn ar na dúshláin atá fós le sárú agus mura n-éiríonn linn iad a shárú, tá baol ann nach n-éireoidh le hÉirinn a spriocanna maidir le fuinneamh in-athnuaite ón talamh a chomhlíonadh. Is chuige sin atá an Teach Imréitigh um Fhuinneamh Amach ón Talamh, á stiúradh ag An Taoiseach, Micheál Martin T.D., agus an Tascfhórsa Trasrialtais um Ghaoth Amach ón Talamh a Sheachadadh, á stiúradh ag mo chomhghleacaí Aireachta, an tAire Aeráide, Fuinnimh agus Comhshaoil, Darragh O’Brien T.D., dírithe ar sheachadadh agus ar chlár oibre a bhfuil sé mar aidhm leis dul i ngleic le dúshláin cosúil le luas agus acmhainn an chórais phleanála, srian eangaí agus ullmhacht calafort chun tacú le tionscadail fuinnimh gaoithe amach ón talamh ar mhórscála.

Fad is a bheidh obair á déanamh chun a chinntiú go mbeidh tionchar leanúnach ag go leor de na gníomhartha faoi Ag Cumhachtú Rathúnais, tá foireann mo Roinne ag obair ar straitéis chomharba cheana féin, a dhíreoidh ar bhealach níos ginearálta ar an gcóras fuinnimh in-athnuaite – forbairt atá á lorg acu siúd atá páirteach sa tionscal agus a bheidh á cur ar fáil againn níos déanaí i mbliana.

# 1. Réamhrá

Ag cur na ndeiseanna forbartha eacnamaíocha suntasacha a d’eascair as sprioc uaillmhianach na hÉireann chun 20 gigeavata (GW) ar a laghad d’fhuinneamh in-athnuaite ón talamh a chur ar fáil faoi 2040, ag méadú go dtí 37GW faoi 2050, d’fhoilsigh an Roinn Fiontar, Turasóireachta agus Fostaíochta (RFTF) *Ag Cruthú Rathúnais – Straitéis Thionsclaíoch na hÉireann um Fhuinneamh Gaoithe Amach ón gCósta* i mí an Mhárta 2024. Ba é cuspóir uileghabhálach na Straitéise seo a chinntiú go mbaineann Éire tairbhe as luach an tslabhra soláthair chun earnáil mhórscála bunaithe ar fhuinneamh in-athnuaite amach ón talamh (FIOT) a fhorbairt agus ag an am céanna lántairbhe a bhaint as tionchar eacnamaíoch spriocanna uaillmhianacha na hÉireann maidir le forbairt FIOT.

I mí Aibreáin 2025, leagadh amach sa chéad Tuarascáil ar Dhul Chun Cinn Cur Chun Feidhme an dul chun cinn suntasach a rinneadh i rith na chéad bhliana den Straitéis trí bhonn fiontair atá ag fás in earnáil na gaoithe amach ón talamh in Éirinn. Ag an bpointe sin, as measc 40 gníomh na Straitéise a bhí le cur chun feidhme faoi dheireadh 2025, bhí 35% curtha i gcrích agus bhíothas ag obair ar 60% eile. Tá nuashonrú deiridh le fáil sa tuarascáil seo maidir le stádas an 40 gníomh agus táthar ag breathnú chun cinn agus ag smaoineamh ar straitéis chomharba a fhorbairt in 2026.

Bhí na 40 gníomh atá luaite in Ag Cumhachtú Rathúnais bunaithe ar cheithre phríomhcholún a bhfuil ról lárnach acu i lántairbhe a bhaint as an bhféidearthacht a bhaineann le forbairt eacnamaíoch i gcomhthéacs uaillmhianta gaoithe amach ón talamh na hÉireann. Is iad na colúin seo ná:

- Slabhraí Soláthair Gaoithe Amach ón Talamh;
- Taighde, Forbairt, & Nuálaíocht;
- Deiseanna Forbartha Eacnamaíochta Réigiúnacha Cothromaithe; agus
- Éileamh agus Úsáidí Deiridh don Fhuinneamh In-athnuaite sa Todhchaí.

Seachadadh na gníomhartha seo, a bhain leis na ceithre cholún seo, trí chur chuige comhoibríoch, agus bhí gníomhartha sannta do na Ranna agus Gníomhaireachtaí Rialtais ábhartha, agus bhí an tionscal ag tacú leis an obair, agus bhí maoirseacht á déanamh ag RFTF ar an obair. Tuairiscítear dul chun cinn cur chun feidhme, mar aon le dúshláin ar tarraingíodh aird orthu trí obair na Roinne leis an tionscal, lena n-áirítear trí Fhóram Thionscal Gaoithe Amach ón Talamh RFTF, go rialta don Tascfhórsa Seachadta Gaoithe Amach ón Talamh (TGTS), faoi chathaoirleacht an Aire Aeráide, Fuinnimh agus Comhshaoil, agus go foirmiúil trí rannpháirtíocht dhéthaobhach chuiditheach leis an Roinn nó Gníomhaireacht ábhartha.

Tá RFTF fíorbhuíoch de bhaill TGTS; an tionscal gaoithe amach ón talamh agus a chomhlachtaí ionadaíocha, go háirithe baill d'Fhóram Thionscal Gaoithe Amach ón Talamh RFTF; eagraíochtaí a chuireann tionscadail taighde i gcrích; lena n-áirítear baill de Ghrúpa Stiúrtha Ionad Bairr Feabhais na Gaoithe Amach ón Talamh RFTF; páirtithe leasmhara réigiúnacha, lena n-áirítear baill de mheithleacha gaoithe amach ón talamh faoi na Pleananna Fiontair Réigiúnacha; agus príomhpháirtithe leasmhara eile a thacaíonn go gníomhach le cur chun feidhme éifeachtach Ag Cumhachtú Rathúnais.

# 2. Forbhreathnú ar Dhul Chun Cinn

## Seachadadh Gníomhartha

Bhí 40 gníomh san áireamh in Ag Cumhachtú Rathúnais a bhí le seachadadh faoi dheireadh 2025. Dearadh iad seo mar thacar tosaigh gníomhartha a mbeadh tionchar díreach acu faoi 2030 nó mar ghníomhartha turgnamhacha a bhí á n-ullmhú don tionchar i ndiaidh 2030.

As measc na 40 gníomh, tá 39, nó 97.5%, críochnaithe nó táthar ag obair orthu. As na gníomhartha seo, tá 26 (65%) ceann seachadta mar atá leagtha amach sa Straitéis, agus tá 10 (25%) ngníomh eile críochnaithe trí mhodhanna malartacha, a mhéid is féidir. Táthar fós ag obair ar 3 (7.5%) ghníomh eile ach táthar ag súil go mbeidh siad sin á seachadadh sna míonna amach romhainn. Ní raibh ach gníomh amháin nach raibh críochnaithe; ach imthosca seachtracha ba chúis leis sin, áfach.

I measc na ngníomhartha suntasacha atá curtha i gcrích ó foilsíodh an chéad Tuarascáil ar Dhul Chun Cinn Cur Chun Feidhme i mí Aibreáin anuraidh tá:

**Dlús a chur le forbairt IBFGT lena n-áirítear staidéar féidearthachta agus plean tionscadail mionsonraithe atá le seachadadh faoi réir maoinithe a bheith ceadaithe** (Gníomh 25)

I ndiaidh na céime féidearthachta a chur i gcrích i Ráithe 4 2025, á stiúradh ag Fiontraíocht Éireann, ceapadh bainisteoir tionscadail chun dlús a chur le plean oibre don ionad bairr feabhais a fhorbairt, ar a dtabharfar *PROPEL Éireann*. Trí dhul chun cinn a dhéanamh go tapa, seoladh *PROPEL Éireann* i mí an Mhárta 2026 agus beidh sé bunaithe ar phlean oibre - ar a dtabharfar Clár Nascachta na Gaoithe Amach ón Talamh - eagraithe i bpacáistí oibre, a mbeidh gach ceann acu dírithe ar ghné ríthábhachtach d'fhorbairt gaoithe amach ón talamh.

**Scrúdú a dhéanamh ar an gcás atá ann chun bosca gainimh rialála a fhorbairt do ghaoth amach ón talamh agus do theicneolaíochtaí gaolmhara** (Gníomh 29)

Cuireadh tuarascáil chomhairleach ar fáil do RFTF i mí Iúil 2025 ina dtugtar le fios go bhféadfadh fiúntas a bheith ag baint le bosca gainimh forbartha ag an tionscal in imthosca áirithe agus san áireamh sa tuarascáil freisin tá moltaí maidir leis na chéad chéimeanna eile a bhféadfadh an Rialtas machnamh a dhéanamh orthu i rith na n-ullmhúchán.

**Misean aimsithe fíricí le príomhpháirtithe leasmhara chuig suíomhanna idirnáisiúnta ina bhfuil páirceanna tionsclaíocha fuinnimh ghlais bunaithe** (Gníomh 38)

I mí na Samhna 2025, threoraigh RFTF toscaireacht a thug cuairt ar GreenLab sa Danmhairg - sampla ceannródaíoch de Pháirc Fuinnimh Ghlais ina bhfuil táirgeadh fuinnimh in-athnuaite á choshuíomh le héileamh ar fhuinneamh tionsclaíoch. Thug an toscaireacht cuairt ar champas Ollscoil Aarhus in Viborg in aice láimhe freisin áit ar tugadh léargas dóibh ar na buntáistí a bhaineann le lucht acadúil a chomhshuíomh le tionscadail phíolótacha fuinnimh in-athnuaite éagsúla chun timpeallacht éifeachtach TF&N a chruthú. Chuir an misean aimsithe fíricí seo le gealltanas na hÉireann maidir le scrúdú a dhéanamh ar úsáidí deiridh féideartha le haghaidh fuinneamh in-athnuaite agus chun Páirceanna Fuinnimh Ghlais a fhorbairt, agus ag an am céanna, dlús a chur le príomhchuspóir faoi Ag Cumhachtú Rathúnais chun díriú ar dheiseanna comhoibrithe idirnáisiúnta le tíortha cosúil leis an Danmhairg atá ar aon intinn le hÉirinn.

Ina theannta sin, táthar ag leanúint ar aghaidh le gníomhartha a bhí críochnaithe de réir na chéad Tuarascála ar Dhul Chun Cinn Cur Chun Feidhme agus táthar ag leanúint ar aghaidh le tionchar a bheith acu sa bhliain ó foilsíodh an nuashonrú sin, lena n-áirítear:

- Eagraíodh **Imeacht 'Buail leis an gCeannaitheoir'**, a bhí á óstáil ag EirGrid, Fiontraíocht Éireann agus GFT Éireann i gcomhair 145 rannpháirtí i mí Eanáir 2026 faoin MT a foilsíodh in 2025 (Gníomh 10), agus tá sé beartaithe imeachtaí cosúil leis seo a reáchtáil níos déanaí in 2026.
- Ba ionann an anailís eacnamaíoch a rinneadh ar choincheapa Páirceanna Fuinnimh Ghlais (Gníomh 37), coimisiúnaithe ag RFTF in 2024 agus bonn fianaise láidir le haghaidh Plean Gníomhaíochta Úsáideoirí Mórfhuinnimh (PGÚMF) a d'fhoilsigh an Rialtas i mí Eanáir 2026. Sa Phlean Gníomhaíochta sin aithnítear gníomhartha sonracha a bhfuil sé mar aidhm leo **bunú tionscadal Páirceanna Fuinnimh Ghlais a chumasú** a choshuíonn soláthar fuinnimh in-athnuaite le hÚsáideoirí Mórfhuinnimh ar bhealach atá pleanáilte go straitéiseach, mar a moladh sa tuarascáil ar anailís eacnamaíoch. I measc na bpríomhghníomhartha cumasúcháin atá sonraithe in PGÚMF tá Ráiteas Náisiúnta Pleanála do Pháirceanna Fuinnimh Ghlais a ullmhú agus comhairliúchán réamhghníomhach leis an Rialtas agus le hOibritheoirí Córais fuinnimh maidir le deiseanna do Pháirceanna Fuinnimh Ghlais inbhuanaithe, lena n-áirítear le forbróirí ÚMF.
- Ba é an aidhm a bhí leis an **dara himeacht comhpháirteach bliantúil leis an Albain** - tacú le plé idir-Rialtasach agus le rannpháirtíocht leis an tionscal i réimse an fhuinnimh in-athnuaite – a d'óstáil Rialtas na hAlban in Obar Dheathain i mí Dheireadh Fómhair 2025, tráth ar tugadh le chéile cuideachtaí slabhra soláthair ón dá thír don imeacht 2 lá (Gníomh 23). Ag eascairt as an rannpháirtíocht i rith an imeachta sin, tá clár intéirneachta píolótach idir Albain agus Éire á fhorbairt i láthair na huaire. Táthar ag súil go mbeidh na hintéirneachtaí seo ar siúl i rith shamhradh 2026 tráth a dtabharfar deis do mhic léinn fochéime as Éirinn tréimhse 12 sheachtain a chaitheamh ag obair do chuideachtaí gaoithe amach ón talamh in Albain, agus taithí phraiticiúil a fháil trí thionscadail bheo a bhfuiltear ag obair orthu.
- Tá dlús á chur le cur chun feidhme **Phlean Gníomhaíochta Scileanna Gaoithe Amach ón Talamh** (Gníomh 8), á stiúradh ag an Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta (RBATNE), agus tá tacaíocht á cur ar fáil trí mhaoiniú atá faighte mar chuid de Bhuiséad 2025 agus Buiséad 2026 mar chuid de Phacáiste Scileanna níos ginearálta an Chiste

Náisiúnta Oiliúna (CNO). Chun comhordú idir príomhpháirtithe i réimsí dhearadh agus sheachadadh an chláir a chinntiú, mar aon le creidiúnú agus úsáid agus forbairt bonneagair, tá RBATNE ag obair le príomhpháirtithe chun Mol Náisiúnta Scileanna do Ghaoth Amach ón Talamh a fhorbairt. Forbraíodh an coincheap i ndlúthchomhar le RFTF agus le Fiontraíocht Éireann agus táthar ag súil go nglacfar leis an Mol mar chuid de chlár nascachta PROPEL Éireann.

- Lean bonn fiontair na gaoithe amach ón talamh in Éirinn ag forbairt i rith shaolré Ag Cumhachtú Rathúnais. **Tá maoiniú deontais luach €11.721 milliún curtha ar fáil ag Fiontraíocht Éireann do chuideachtaí slabhra soláthair na gaoithe amach ón talamh**, nó do chuideachtaí atá ailínithe leis an earnáil, i roinnt sásraí tacaíochta difriúla ó 2024 (Gníomh 3). Ina measc seo tá cúig chliantchuideachta a fuair tacaíocht do chláir shuntasacha Cheannaireachta Gnó, dhá chlár chun díriú ar chláir oiliúna an-suntasacha, agus tacaíodh le 15 chliant eile le hidirghabhálacha oiliúna.
- **Cuireadh tacaíocht ar fáil do dheich dtionscadal gaoithe amach ón talamh mhórscála trí dheontas agus tacaíocht chothromais luach €4.8 milliún** a chlúdaíonn gníomhaíochtaí slabhra soláthair cosúil le múráil/ancaireacht agus suirbhéireacht (Gníomh 4). Táthar ag leanúint ar aghaidh le forbairt phíblíne agus táthar ag díriú ar thrí thionscadal don tréimhse amach romhainn mar aon le tacaíocht deontais ghaolmhar a mheastar atá cothrom le breis is €1 mhilliún.
- Chomh fada is a bhaineann le hinfheistíochtaí mórscála a mhealladh ó IDC (Gníomh 14), **thacaigh GFT Éireann le fiche togra a bhain le gaoth ar talamh agus amach ón talamh i rith na tréimhse idir 2023-2025**, agus tá cúig thogra fógartha go dtí seo.
- **Tá GFT Éireann agus Fiontraíocht Éireann ag leanúint ar aghaidh ag obair i gcomhpháirt** ar mhisin trádála, cuairteanna aireachta, agus seónna trádála agus imeachtaí i ngach margadh idirnáisiúnta lena n-áirítear Meiriceá Thuaidh, an Eoraip, an Ríocht Aontaithe agus réigiún an Aigéin Chiúin agus na hÁise (Gníomh 15).
- Lena chois sin, mar atá léirithe thuas, oibríonn an dá ghníomhaireacht le chéile le EirGrid faoi MT (Gníomh 10) chun **tacú le soláthraithe féideartha chun deiseanna conartha agus fosholáthair a aithint**.

# Dul Chun Cinn Níos Ginearálta

Tá dul chun cinn suntasach déanta freisin i dtimpeallacht ghinearálta an bheartais gaoithe amach ón talamh le bliain anuas:

## Rath ar Cheant

Cuireadh an dara ceant gaoithe amach ón talamh de chuid an Stáit i gcrích i mí na Nollag 2025, ceann amháin de na ceantanna gaoithe amach ón talamh rathúla a reáchtáladh san Eoraip in 2025, agus bronnadh 900MW de thoilleadh fuinnimh in-athnuaite ar CGA Gaoithe Amach ón Talamh Cheann Heilbhic, comhpháirtíocht comhfhiontair idir BSL agus Ørsted, do láithreán Tonn Nua i bPlean Limistéir Mhuirí Ainmnithe an Chósta Theas (PLMA-CT). Ag €98.719 don mheigeavatuair (MWh), tá an praghas seo an-iomaíoch i gcomparáid le ceantanna eile a reáchtáladh le déanaí, lena n-áirítear Babhta 7 de Leithdháileadh na Ríochta Aontaithe i mí Eanáir 2026, fianaise ar an bhfonn atá ar an tionscal tionscadail ghaoithe amach ón talamh a fhorbairt in Éirinn, agus muinín a chothú chomh fada is a bhaineann leis an margadh idirnáisiúnta agus leis an slabhra soláthair baile i gcomhthéacs na deise atá ag baint le gaoth amach ón talamh in Éirinn.

## Cur Chuige Bunaithe ar Phlean maidir le Forbairt Amach Anseo

Chun cloí leis an tiomantas a tugadh i gClár an Rialtais chun ‘Forbairt Gaoithe Amach ón Talamh a Mhearghníomhú’, i Meán Fómhair 2025, cheadaigh an Chomh-Aireacht forbairt a dhéanamh ar Phlean Limistéir Mhuirí Ainmnithe (PLMA) Náisiúnta do ghaoth amach ón talamh. Trí PLMA Náisiúnta (PLMA-N) amháin a bheith againn soláthrófar níos mó cinnteachta do pháirtithe leasmhara muirí agus don tionscal athnuaiteán agus ceadófar pleanáil straitéiseach chun cinn le haghaidh scileanna, fiontar agus forbairt an tslabhra soláthair ar fud an tionscail. Cuirfear ar chumas calafort forbairt bonneagair a phleanáil chun cinn agus beidh creat iomlánaíoch fadtéarmach ag tacú le pleanáil d’fhorbairt agus d’idirnasc eangaí.

Bhí an Togra PLMA agus an Ráiteas maidir le Rannpháirtíocht leis an bPobal a foilsíodh in 2025, agus tá comhairliúchán fairsing le páirtithe leasmhara pleanáilte i rith 2026, ailínithe leis an sceideal a bhí leagtha amach sa Ráiteas maidir le Rannpháirtíocht leis an bPobal. Reáchtáladh rannpháirtíocht shuntasach Trasrialtais ag deireadh 2025 le Ranna a bhfuil freagrachtaí muirí orthu, agus go

seachtrach, reáchtáladh sraith ceardlann leis an tionscadal FIOT, leis an Earnáil Bia Mara agus bhí sé beartaithe ENRanna comhshaoil a reáchtáil i Ráithe 1 2026. Tá tacaíochtaí do thionscadail sheachtracha bunaithe anois chun críche bainistíochta tionscadail measúnuithe comhshaoil reachtúla, iascaigh agus idirchaidreamh pobail, agus seirbhísí dearaidh agus priontála. Lena chois sin, táthar ag leanúint ar aghaidh le próiseas tairisceana do sheirbhísí dlí agus bhí sé beartaithe an obair seo a chur i gcrích i mí an Mhárta 2026. In 2027, i ndiaidh comhairliúchán réamhdhréachta suntasach a eagrú, foilseofar dréacht PLMA FIOT Náisiúnta, mar aon le doiciméid tacaíochta, agus beidh an obair seo faoi réir comhairliúcháin fhoirmiúil.

Tá Struchtúir Rialachais bunaithe ag an Roinn Aeráide, Fuinnimh agus Comhshaoil (RAFC) do PLMA-CT freisin. Mar atá leagtha amach in PLMA, tá maoirseacht á déanamh ag an gComhlacht Feidhmithe Clár (CFC) ar sheachadadh éifeachtach agus inbhuanaithe PLMA-CT. Tá Meitheal na nÉiceachóras Muirí agus na hÉaneolaíochta (ÉMÉ) ag leanúint ar aghaidh lena gcuid oibre bunaithe ar scóip na Suirbhéanna Leibhéil Réigiúnacha, agus tá Meitheal Theicniúil ag tacú le bonneagar cumasúcháin le haghaidh PLMA-CT, cosúil le forbairtí eangaí agus calafoirt. Tá Grúpa Tionscadail Sonraí bunaithe ag an RAFC chun na suirbhéanna bonnlíne atá riachtanach do PLMA-CT a eagrú agus chun moltaí a chur faoi bhráid FCC maidir le stór sonraí coiteann, comhroinnte a bhunú. D'ullmhaigh foghrúpa na nÉiceachóras agus an Phlean Feidhmithe, faoi Mheitheal ÉMÉ, dréacht tosaigh de "*Phlean Limistéir Mhuirí Ainmnithe an Chósta Theas le haghaidh FIOT a Chur Chun Feidhme - Tuarascáil Mhaoirseachta agus Dul Chun Cinn*". San áireamh sa tuarascáil seo tá ionchur ó gach meitheal PLMA-CT mar aon le hábhar ó phríomhpháirtithe leasmhara a bhfuil baint acu leis an bpróiseas feidhmithe. I ndiaidh tuilleadh rannpháirtíochta, cuirfear an tuarascáil i gcrích agus i láthair an Aire Aeráide, Fuinnimh agus Comhshaoil, sula bhfoilseofar í i Ráithe 2 2026.

## Creat TLM Iomaíoch

D'fhoilsigh an tÚdarás Rialála Limistéir Mhuirí (ÚRLM) a Chreat TLM Iomaíoch i mí Eanáir 2026. Tá sé beartaithe go mbeidh an Creat ag cur le cur chuige pleanbhunaithe na hÉireann maidir le fuinneamh in-athnuaite amach ón talamh (FIOT) agus ag tacú le spriocanna náisiúnta aeráide agus fuinnimh a chomhlíonadh. Is é an cuspóir atá le próiseas dámhachtana TLM Iomaíoch ná cinneadh a dhéanamh maidir leis na forbróirí a mbeidh an ceart á bhronnadh orthu chun limistéir de ghrinneall na farraige a áitiú ar mhaithe le forbairt FIOT. Tá próisis iomaíocha cosúil leo seo úsáidte in go leor dlínsí chun léasanna a bhronnadh d'fhorbairt FIOT, lena n-áirítear le déanaí sa Bhreatain Bheag agus san Ísiltír. Tá critéir atá praghasbhunaithe agus nach bhfuil praghasbhunaithe le fáil

sa Chreat. Is é an buntáiste a bhaineann le critéir nach bhfuil praghasbhunaithe a chur san áireamh i ndámhachtain TLManna ná gur féidir an próiseas a úsáid chun raon buntáistí a chruthú don Stát, i ndiaidh cead a fháil grinneall na farraige a áitiú. Beidh cinneadh á dhéanamh maidir le TLManna d'fhorbairt amach anseo laistigh de PLMAnna ag ÚRLM de réir uainithe, modheolaíochta agus próiseas atá leagtha amach faoin gCreat TLM Iomaíoch. Is féidir úsáid a bhaint as an gCreat TLM Iomaíoch i ndáil le suíomhanna aitheanta in PLMA-N freisin.

Bhí forbairt an Chreata bunaithe ar dhea-chleachtas idirnáisiúnta agus ar chomhairliúchán suntasach le páirtithe leasmhara. Cuirfidh an dearadh solúbtha, láithreánsonrach ar chumas ÚRLM critéir agus ualú oiriúnach a chur ar fáil do bhabhtaí leithdháilte aonair, chun tacú le cinnteoireacht éifeachtúil agus thrédhearcach.

## Sonraí Muirí

Tá ról lárnach ag sonraí muirí ardtaifigh, cruinne agus suntasacha a chur ar fáil chomh fada is a bhaineann le dlús a chur le cuspóirí fuinnimh in-athnuaite na hÉireann agus a todhchaí fuinnimh a chinntiú. Tá spriocanna uaillmhianacha maidir le fuinneamh in-athnuaite amach ón talamh ag Éireann, agus tá comhlíonadh na spriocanna sin ag brath ar infhaighteacht sonraí agus suirbhéanna cuimsitheacha chun rochtain a fháil ar fhéidearthacht láithreáin, tionchair chomhshaoil agus breithniúcháin lóistíochtúla. Glacadh le Clár Suirbhéireachta Láithreáin Amach ón Talamh RAFC mar ghné ríthábhachtach d'obair ullmhúcháin na Roinne sin do cheant Tonn Nua. Roimh an gceant, rinne Foras na Mara suirbhé geoifisiceach cuimsitheach ar láithreán Tonn Nua thar ceann RAFC, agus chuir RAFC tacair sonraí meit-aigéin agus geoiteicniúla ar fáil ó oibritheoirí príobháideacha a chlúdaigh an láithreán. Cuireadh na tacair sonraí seo ar fad, mar aon le tuarascálacha agus léirithe gaolmhara, ar fáil do pháirtithe leasmhara ar iarratas, rud a cheadaigh do thairgeoirí ionchasacha teacht ar thuiscint níos fearr ar choinníollacha an láithreáin agus, chomh maith leis sin, na costais agus na bacainní a d'fhéadfadh a bheith le tabhairt faoi deara i rith céimeanna níos déanaí den fhorbairt. Tá €8 milliún ar fad leithdháilte tríd an gCiste um Bonneagar, Aeráid agus an Dúlra (CBAD) chun cur ar chumas RAFC suirbhéanna a chur i gcrích i limistéar PLMA an Chósta Theas in 2026, ag díriú go príomha ar láithreán Lí Bán. Meastar go mbeidh suirbhéanna geoifisiceacha á gcur i gcrích ag an Roinn thar ceann Fhoras na Mara, agus go mbeifear ag díriú ar roinnt cineálacha suirbhéanna eile, go háirithe suirbhéanna sonraí meit-aigéin agus Aershuirbhéanna Digiteacha (ASD) le haghaidh sonraí bitheolaíocha, tríd an bpróiseas tairisceana. Is deis úsáideach atá anseo chun páirt a ghlacadh i gcéimeanna réamhphleanála d'fhorbairt FIOT le haghaidh oibritheoirí suirbhé Éireannacha agus idirnáisiúnta.

## Deiseanna Réigiúnacha agus Trasteorann

Tacóidh an cur chuige pleanbhunaithe seo le pleananna forbartha eacnamaíocha réigiúnacha cosúil le Páirceanna Fuinnimh Ghlais agus an chéad leagan eile de na Pleananna Fiontair Réigiúnacha, agus beidh sé mar bhonn le pleanáil spásúil reachtúil cosúil le Straitéisí Spáis agus Eacnamaíocha Réigiúnacha (SSER) agus Pleananna Forbartha Contae. Ba cheart freisin go mbeadh forbairtí atá á dtreorú ag an earnáil phríobháideach bunaithe ar fhuinneamh in-athnuaite amach ón talamh a sholáthar, atá ailínithe le beartais agus straitéisí náisiúnta, ag na láithreáin forbartha atá aitheanta in PLMA-N.

Tarraingíodh arid ar an deis réigiúnach seo ag Imeacht Thionscal Gaoithe Amach ón Talamh na Todhchaí a reáchtáladh i bhFaing i mí Eanáir 2026, a d'óstáil an Roinn Fiontair, Turasóireachta agus Fostaíochta, i gcomhpháirt le hAmbasáid na Breataine i mBaile Átha Cliath le tacaíocht ó Cuideachta Phort na Sionainne agus Fhainge. I láthair ag an imeacht seo bhí ceannairí tionscail, nuálaithe agus lucht déanta beartas as Éirinn agus as an Ríocht Aontaithe arb é an aidhm a bhí acu scrúdú a dhéanamh ar thodhchaí teicneolaíochtaí gaoithe amach ón talamh doimhne, lena n-áirítear réitigh ar snámh, dhoimhne agus hibrideacha nua, chun plé a dhéanamh ar an méid is gá d'Éirinn a dhéanamh chun lántairbhe a bhaint as na réitigh sin. Bhí an plé dírithe ar TF&N, forbairt an tslabhra soláthair, riachtanais scileanna agus foirne oibre agus ullmhacht chalafoirt, agus tarraingíodh aird ar roinnt teachtaireachtaí a bhí le cur san áireamh ag lucht déanta beartas maidir le fuinneamh gaoithe amach ón talamh a fhorbairt in Éirinn. Thacaigh suíomh an imeachta le léargas réigiúnach a thabhairt, léargas ar an gcaoi is féidir le réigiúin chalafoirt, cosúil le hInbhear na Sionainne, ról lárnach a imirt i bhforbairt tionscadal gaoithe amach ón talamh.

Rinneadh dul chun cinn suntasach freisin maidir le dlús a chur le comhoibriú Uile-Éireann. Ó thaobh cúrsaí idirnáisiúnta de, go minic glactar le hÉirinn mar mhargadh gaoithe aonair amach ón talamh a bhfuil slabhra soláthair comhtháite aige. Trí rannpháirtíocht réigiúnach, is leor go bhfuil scála na deise a bhaineann le gaoth amach ón talamh oiriúnach chun buntáistí a chruthú ar fud na réigiún ar fad.

In 2025, choimisiúnaigh Idir-Thrádáil Éireann *Deiseanna Gaoithe Amach ón Talamh agus Hidrigine d'Oileán na hÉireann*, tuarascáil inar scrúdaíodh na deiseanna ionchasacha a bhí ann do FBManna a bhain le gaoth amach ón talamh agus hidrigin ar fud an oileáin. Thacaigh RFTF le forbairt na tuarascála. Tarraingíodh aird i dtorthaí na tuarascála ar an bpointe seo a leanas - ainneoin go bhfuil an obair a bhaineann le hidrigin ag céim luath forbartha, tá níos mó

féidearthachtaí suntasacha agus láithreacha d'Éirinn ag baint leis an earnáil gaoithe amach ón talamh. Sa tuarascáil tarraingíodh aird ar dheich bpríomh-mholadh, agus ó foilsíodh an tuarascáil tá RFTF agus Fiontraíocht Éireann i ndiaidh leanúint ar aghaidh ag obair le hIdir-Thrádáil Éireann, TÉ Athnuaite agus Infheistigh TÉ tríd an bpróiseas comhairliúcháin maidir le conas is féidir dul chun cinn a dhéanamh i ndáil leis na moltaí seo. Tá spéis ar leith ag an RFTF in iarracht a dhéanamh tacú le moltaí a chinnteoidh ailíniú láidir idir tosaíochtaí an tslabhra soláthair agus láidreachtaí an tslabhra soláthair atá ann cheana féin.

## Éileamh Amach Anseo a Chruthú: Úsáideoirí Mórfhuinnimh

Forbairt shuntasach eile a tharla le déanaí ba ea gur cheadaigh an Rialtas an Plean Gníomhaíochta Úsáideoirí Mórfhuinnimh (PGÚMF) i mí Eanáir 2026. Tá sé mar aidhm ag an bplean meántéarmach seo cur ar chumas na hÉireann infheistíocht na chéad ghlúine eile a mhealladh i dtreo na n-earnálacha dian ar fhuinneamh sin lena mbaineann na deiseanna eacnamaíocha straitéiseacha is suntasaí amach anseo, cosúil le leathsheoltóirí, déantúsóirí an-mhóra, cógaisíocht agus ionaid sonraí. Trí 17 ngníomh a chur chun feidhme, tá sé mar aidhm le PGÚMF dul i ngleic le bacainní fáis a bhfuil tionchar acu ar fhorbairtí Úsáideoirí Mórfhuinnimh i láthair na huaire, lena n-áirítear infhaighteacht theoranta bonneagair fuinnimh. Príomhcholún den chur chuige pleanbhunaithe nua a bunaíodh faoi PGÚMF ba ea creat a chur ar fáil chun páirceanna fuinnimh ghlais a bhunú, inar féidir na hearnálacha ÚMF is déine ar fhuinneamh a chomhshuí le soláthar athnuaiteán agus teicneolaíochtaí cumasúcháin eile. Soláthróidh cur chun feidhme PGÚMF soiléire maidir le deiseanna d'infheistíocht amach anseo i dtionscal atá dian ar fhuinneamh agus i bhfuinneamh in-athnuaite in Éirinn, lena n-áirítear i ndáil le gaoth amach ón talamh.

# Dúshláin Leanúnacha

Ainneoin go bhfuiltear ag glacadh leis go bhfuil dul chun cinn maith déanta ag an Rialtas chomh fada is a bhaineann le hearnáil na gaoithe amach ón talamh a fhorbairt in Éirinn, tá an tionscal fós ag tarraingt aird ar na príomhdhúshláin atá le sárú chomh fada is a bhaineann le tionscadail amach ón talamh a fhorbairt anseo. Ina measc seo, tá srian ar eangach leictreachais na hÉireann, a nglacann an earnáil leis mar dhúshlán straitéiseach suntasach i ndáil le dícharbónú ár mboinn tionscail agus mealladh an chéad bhabhta eile d’infheistíocht déantúsaíochta ísealcharbóin. Chun an méid sin a chur san áireamh, tabharfar tús áite sa Phlean Forbartha Náisiúnta agus sa phlean infheistíochta bonneagair eangaí cúig bliana d’infheistíocht ghearrthéarmach shuntasach i sócmhainní leictreachais ar an talamh agus amach ón talamh na hÉireann, agus ag tacú leis seo ar fad beidh próisis rialaithe éifeachtúla agus intuartha. Beidh infheistíocht shuntasach san eangach leictreachais i rith Athbhreithniú Praghais 6 in 2026-30, mar bhonn le pacáiste infheistíochta de suas le **€18.9 billiún** a bheith á chur ar fáil d’eangach agus do líonra leictreachais náisiúnta don tréimhse rialála idir 2026-2030, agus €3.5 billiún de chothromas Rialtais nua in EirGrid agus Líonraí BSL.

Dúshlán suntasach eile atá le sárú i gcomhthéacs na dtionscadal gaoithe amach ón talamh é moilleanna agus dothuarthacht laistigh den chóras pleanála. Ainneoin gur fógraíodh torthaí cheant STFIOT1 i mí na Bealtaine 2023, tá na cúig thionscadal i ndiaidh iarratas mionsonraithe agus suntasach a fháil ar thuilleadh faisnéise a cheanglóidh ar na forbróirí tionscadail freagraí atá chomh mionsonraithe agus suntasach céanna a ullmhú. Nuair a bheidh siad seo curtha faoi bhráid an Choimisiúin Phleanála, beidh gá le tuilleadh measúnaithe agus cinntí rud a bheidh mar bhonn le tuilleadh dothuarthachta maidir le hamlínte chun cinneadh a dhéanamh. Chun déileáil leis sin, san áireamh sa Tuarascáil agus Plean Gníomhaíochta um Bonneagar a Luathú tá moltaí chun seachadadh bonneagair chriticiúil a shimpliú, a chaighdeánú agus a luathú in earnálacha a bhfuil tábhacht straitéiseach ag baint leo, an earnáil leictreachais ina measc. I measc na bpríomh-mholtaí tá sraith leasuithe chun próisis agus ceadanna rialála a shimpliú do bhonneagar criticiúil, agus chun ailíniú a fheabhsú ar fud Ranna, gníomhaireachtaí agus leibhéal ceannaireachta chomh fada is a bhaineann le bonneagar criticiúil a sheachadadh.

In 2025, bhunaigh an Taoiseach Teach Imréitigh FGT chun bacainní ar sheachadadh tráthúil earnáil rathúil FGT a aithint agus dul i ngleic leo, agus chun tacú le hobair an Tascfhórsa um Ghaoth Amach ón Talamh a Sheachadadh (TGTS) agus í a threisiú. I rith na gcruinnithe a reáchtáladh go dtí seo, ghlac oifigigh shinsearacha agus ionadaithe tionscail páirt in iarracht chun roinnt dúshlán a réiteach lena n-áirítear an fhéidearthacht go gcuirfí moill air nó bac ar sheachadadh FIOT níos tapa, lena n-áirítear:

- Ceisteanna gan réiteach maidir le Comhaontuithe um Nasc Tarchuir, Comhaontuithe Ceannaigh Sócmhainní agus Sonraíochtaí Feidhmiúla;
- Rannpháirtíocht le príomhchomhlachtaí toilithe agus amlíne cinnidh; agus
- Tionchair a d'fhéadfadh a bheith ag forbairt FIOT ar an earnáil bia mara.

Tá sé ríthábhachtach go mbeadh na dúshláin seo á sárú – ní hamháin go bhfuil fuinneamh in-athnuaite a tháirgtear amach ón talamh riachtanach chun a chinntiú go gcomhlíonann Éire a spriocanna um Ghníomhú ar son na hAeráide, ach tá slándáil an tsoláthair fuinnimh riachtanach chun maolú in aghaidh na dtionchar a bheidh le brath in Éirinn agus san Eoraip má tharlaíonn mórchoinbhleachtaí geopholaitiúla cosúil le hionradh na Rúise ar an Úcráin in 2022 agus le déanaí, an choinbhleacht sa Mheánoirthear in 2026. Bhí tionchar díreach ag an dá chogadh ar chostas fuinnimh in Éirinn agus ar fud na hEorpa, agus tharraing siad aird ar luaineacht sholáthar an bhreosla iontaise san Eoraip.

## Teach Imréitigh an Fhuinnimh Ghaoithe Amach ón Talamh

Páirteach i dTeach Imréitigh an Fhuinnimh Ghaoithe Amach ón Talamh, a bhunaigh an Taoiseach, tá ionadaithe ón Earnáil Fuinnimh Gaoithe Amach ón Talamh agus Ard-Rúnaithe na Ranna Rialtais a raibh ról acu in úsáid rathúil an fhuinnimh ghaoithe.

Is é cuspóir an Tí Imréitigh bacainní aitheanta ar sheachadadh tráthúil fuinnimh gaoithe in-athnuaite amach ón talamh a réiteach trí aird a tharraingt ar an ábhar i lár an Rialtais. Tacaíonn sé le agus treisíonn sé obair an Tascfhórsa um Ghaoth Amach ón Talamh a Sheachadadh, go háirithe sa chás nach féidir ceisteanna a réiteach ag leibhéal Tascfhórsa agus go bhfuil gá le hidirghabháil ardleibhéil bhreise ó lár an Rialtais.

Mar chuid den bhreithniúchán, tá cuireadh tugtha ag an Teach Imréitigh do chomhlachtaí ábhartha freastal ar chruinnithe chun ceisteanna a bhfuil ábharthacht shonrach ag baint leo a phlé. I measc na gceisteanna a ndearnadh machnamh orthu tá ceisteanna a bhaineann le nós imeachta, comhordú idir comhlachtaí poiblí agus a gcumas róil a shanntar dóibh a chomhlíonadh. Is é an aidhm atá ann go dtiocfaidh an Teach Imréitigh ar thuiscint iomlán ar ról gach eagraíocht éagsúil a bhfuil baint aici le gaoth amach ón talamh a fhorbairt, agus teacht ar thuiscint ar a dtuairimí siúd. Go dtí seo, chuala baill an Tí Imréitigh ón gCoimisiún um Rialáil Fóntais, Eirgrid, An Coimisiún Pleanála agus an tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra agus buailfidh sé le comhlachtaí ábhartha eile.

Is fianaise é bunú an Tí Imréitigh ar thacaíocht Rialtais ardleibhéil a bheith á treisiú do earnáil na gaoithe amach ón talamh, ag am ina bhfuil an tionscal ar fud an domhain ag dul i ngleic le dúshláin agus le héiginnteachtaí suntasacha, agus ag déileáil leis an ngá atá ann an t-aistriú fuinnimh náisiúnta a bhainistiú fad is atá iomaíochas á chosaint. Ní bheidh aon ról ag an Teach Imréitigh i ndáil le cinntí maidir le tionscadail aonair.

Foilsítear miontuairiscí chruinnithe an Tí Imréitigh ar shuíomh gréasáin Rialtas na hÉireann.

**Tá nuashonrú deiridh ar dhul chun cinn i ndáil le 40 gníomh Ag Cumhachtú Rathúnais le fáil sa chuid seo a leanas.**

# 3. Ag Cumhachtú Rathúnais – Gníomhartha Nuashonraithe

## 40 Gníomhaíochta

**26**
Críochnaithe

**10**
Críochnaithe ar bhealaí eile nó a mhéid is féidir

**3**
Ar siúl ach tá moill ar sheachadadh

**1**
Ní bheidh sé críochnaithe/dul chun cinn

| Gníomhartha | | |
|---|---|---|
| **Gníomh 1** | | **Nuashonraigh** |
| 1. Sonraí bonnlíne a bhunú agus spriocanna réamh-mheasta a shocrú le haghaidh<br>• Caiteachas T&F sa slabhra soláthair FGT<br>• Líon na bpost sa slabhra soláthair FGT<br>• Gnólachtaí Nuathionscanta sa slabhra soláthair FGT<br>• Easpórtálacha<br>• Acmhainn IDC | | Idir Meitheamh agus Meán Fómhair 2024, chuir RFTF anailís thosaigh ar shonraí SGBTE maidir leis an earnáil gaoithe amach ón talamh i gcrích ach tugadh faoi deara, i ndiaidh aiseolas a fháil ón tionscal, go raibh gannionadaíocht déanta ar scála agus ar fhéidearthacht dháiríre na hearnála. Bhí an dara céim, a seoladh i mí Dheireadh Fómhair 2024, mar bhonn le suirbhé tionscail comhoibritheach a rinne Fuinneamh Gaoithe Éireann agus RFTF, agus a forbraíodh ina dhiaidh sin chun baill de CTAM agus Líonra Amach ón Talamh Gael a chur san áireamh, agus fuarthas freagraí ó 34 cuideachta (10 bhforbróir agus 24 gnólacht slabhra soláthair). Sholáthair an suirbhé, a raibh sonraí comhlántacha ó FÉ agus GFT ag tacú leis, léargas táscach ar fhás láidir idir 2019–2024: chosain na heaspórtálacha slabhra soláthair €96.2 milliún, lena n-áirítear €47 milliún in 2024 (méadú 119% i gcomparáid le 2023); mhéadaigh forbróirí a gcaiteachas le soláthraithe Éireannacha faoi dheich go dtí €44.3 milliún; agus bhí an caiteachas T&F ar ghaoth amach ón talamh cothrom le €24.8 milliún, agus cuireadh tacaíocht luach €14.8 milliún ar fáil trí mhaoiniú seachtrach. |
| **Spriocdháta** | **Úinéirí*** | **Stádas Deiridh** |
| R4 2024 | RFTF | Críochnaithe ar bhealaí eile nó a mhéid is féidir |
| **Gníomh 2** | | **Nuashonraigh** |
| 2. Measúnú tionchair eacnamaíoch a dhéanamh ar acmhainneacht na gaoithe amach ón talamh in Éirinn. | | Críochnaithe. |
| **Spriocdháta** | **Úinéirí*** | **Stádas Deiridh** |
| R4 2024 | RFTF | Críochnaithe |
| **Gníomh 3** | | **Nuashonraigh** |
| 3. Rannpháirtíocht i gcláir cheannaireachta gnó a mhéadú i measc an tslabhra soláthair gaoithe amach ón talamh agus tacaíochtaí sainiúla cumais a fhorbairt d'iontrálaithe nua in earnáil na gaoithe amach ón talamh. | | I gcomhair tréimhse oibriúcháin Ag Cruthú Rathúnais, tacaíodh le roinnt cliant ó chohórt Gaoithe Amach ón Talamh Fhiontraíocht Éireann (FÉ) le Ceannaireacht Ghnó agus le hidirghabhálacha forbartha acmhainne. Cuireadh tacaíocht ar fáil do chúig chuideachta do chláir shuntasacha Cheannaireachta Gnó. Cuireadh tacaíocht ar fáil do dhá chuideachta eile chun tabhairt faoi chláir oiliúna shuntasacha, agus tacaíodh le 15 bhreise de na cliaint aitheanta le hidirghabhálacha oiliúna eile. Chomh maith leis sin, tacaíodh leis an gcohórt le 22 tacaíocht acmhainne i réimsí eile cosúil le forbairt mhargaidh, barr feabhais barainneachta agus oibriúcháin, inbhuanaitheacht agus maoin intleachtúil. Ar fud an chohóirt fuair na cuideachtaí tacaíocht deontais luach €1.942 milliún don 52 tacaíocht ceannaireachta, oiliúna agus acmhainne gnó. Ní thugann sé seo léargas iomlán ar an tacaíocht, áfach, de bhrí gur cuireadh tacaíocht 100% ar fáil do 15 den idirghabháil oiliúna trí roinnt sásraí. Fuair an cohórt aitheanta tacaíocht deontais luach €11.721 milliún ar fud 85 tacaíocht aonair i rith na tréimhse a chlúdaítear in Ag Cruthú Rathúnais. |
| **Spriocdháta** | **Úinéirí*** | **Stádas Deiridh** |
| Ar siúl faoi láthair | FÉ | Críochnaithe |

<table>
<tr><th colspan="3">Gníomhartha</th></tr>
<tr><th colspan="2">Gníomh 4</th><th>Nuashonraigh</th></tr>
<tr><td colspan="2">4. Roghanna maoinithe straitéiseacha fadtéarmacha a sheachadadh chun tacú le scálaithe cuideachtaí slabhra soláthair gaoithe amach ón talamh na hÉireann.</td><td>Oibríonn Fiontraíocht Éireann le cliaint chun a GUD, acmhainní, samhail ghnó, tairiscintí táirge agus seirbhíse, acmhainní rochtana margaidh agus táirgiúlacht a fhorbairt chun tacú lena n-uaillmhian fáis agus chun forbairt a dhéanamh trí roinnt tairiscintí seirbhísí atá ailínithe lena gcéim forbartha. Tá a gcuid tairiscintí á bhforbairt go leanúnach ag Fiontraíocht Éireann agus tá tairiscintí nua á ndéanamh (Tionscnamh scálaithe, scéim Phrionsabal an Infheisteora i nGeilleagar an Mhargaidh do thacaíocht chómhaoinithe i ndiaidh na síolchéime agus na luathchéime) a bheidh in úsáid ar bhealach oiriúnach chun tacú le cliaint atá dírithe ar an earnáil.<br><br>Tá Fiontraíocht Éireann ag obair go gníomhach le cuideachtaí atá páirteach i slabhra soláthair na gaoithe amach ón talamh a bhfuil baint acu le T&F agus forbairt mhargaidh nua chun tacú lena n-uaillmhianta scálaithe trí idirghabhálacha maoinithe spriocdhírithe. Éilíonn scálú san earnáil seo rochtain ar infheistíocht shuntasach, agus tá FÉ ag tacú leis an méid seo trí mhaoiniú agus tacaíochtaí saincheaptha.<br><br>Tá infheistíochtaí suntasacha déanta i dtionscadail ghaoithe amach ón talamh chliaint FÉ a ceadaíodh in 2024 agus 2025. Cheadaigh an roinn Teicneolaíochta Aeráide agus Fuinnimh In-athnuaite 10 dtionscadal mhórscála i rith na tréimhse agus cuireadh tacaíocht deontais agus cothromais luach €4.8 milliún ar fáil, a chlúdaíonn gnéithe cosúil le múráil/ancaireacht agus suirbhéireacht.<br><br>Tacaíodh le 12 thionscadal TFR 2 as cohórt gaoithe amach ón talamh FÉ níos ginearálta trí thacaíocht deontais luach €6.75 milliún a chur ar fáil. Ní féidir a dheimhniú, áfach, an mbaineann an tionchar go díreach le gaoth amach ón talamh de bhrí go ndíríonn na cuideachtaí seo ar earnálacha eile freisin.<br><br>Táthar ag leanúint ar aghaidh le forbairt phíblíne agus táthar ag díriú ar thrí thionscadal don tréimhse amach romhainn mar aon le tacaíocht deontais ghaolmhar a mheastar atá cothrom le breis is €1 mhilliún.<br><br>Díol suntais is ea go bhfuil FBManna Éireannacha cosúil le XOCEAN agus Subsea Micropiles i ndiaidh babhtaí suntasacha infheistíochta a fhógairt in 2025 chun cur lena n-acmhainní gaoithe amach ón talamh. D'éirigh le XOCEAN $118.3 milliún a fháil chun a oibríochtaí forbartha gaoithe amach ón talamh, sláine sócmhainní agus hidreagrafaíocht a fhorbairt. Bhailigh Subsea Micropiles €11 milliún chun a gcuid réiteach innealtóireachta amach ón talamh a scálú. Tá sé tábhachtach go gcuirfí san áireamh go mbíonn am ag teastáil chun babhtaí maoinithe móra a eagrú agus a chur i gcrích agus go mbíonn gá le hiarracht leanúnach. Tá FÉ ag leanúint ar aghaidh ag obair i ndlúthpháirt le cuideachtaí chun an próiseas seo a chur i gcrích agus chun deiseanna fáis a chur ar fáil.<br><br>D'éirigh le CBSÉ iarratas a dhéanamh ar Stádas Comhpháirtí Cur Chun Feidhme faoi InvestEU. Cuireann an stádas seo ar chumas CBSÉ iarratas a dhéanamh ar acmhainn ráthaíochta go díreach ón gCoimisiún Eorpach do spriocréimsí sonracha lena mbaineann tábhacht náisiúnta. Tá CBSÉ, i gcomhar leis an Roinn lompair agus le Ciste Infheistíochta Straitéisí na hÉireann (CISÉ) i mbun scrúdú a dhéanamh ar an bhféidearthacht a bhaineann le tacú leis an tionscal gaoithe amach ón talamh. Tá an tacaíocht dírithe go príomha ar fhorbairt bonneagair calafoirt a bheadh ag teastáil chun tuirbíní gaoithe a chur le chéile agus a úsáid amach ón talamh. Tá na hidiribheartaíochtaí ag céim an-luath chomh fada is a bhaineann le clúdach ráthaíochta féideartha agus tionscadail oiriúnacha.<br><br>Cuirfear Céim 1 de CISÉ agus de thionscadal maoinithe ag Calafort Chorcaí ag Rinn an Scídigh i gcrích in H1 2026, agus cuirfear an méid eile den tionscadal i gcrích in am chun na chéad suiteálacha de thionscadal gaoithe amach ón talamh na hÉireann i gcrích in am amach anseo i rith na tréimhse deich mbliana seo. Tá CISÉ ag leanúint ar aghaidh le rannpháirtíocht shuntasach agus ghníomhach leis an earnáil ní hamháin chun tacú le tuilleadh infheistíochtaí féideartha i mbonneagar an chalafoirt ach freisin chun tuilleadh infheistíochtaí cumasúcháin a dhéanamh i ngeilleagar réigiún an chalafoirt chun tacú le luach áitiúil agus le tionscadail pháirce fuinnimh ghlais a d'fhéadfaí a fhorbairt<br><br>SAFE: I láthair na huaire, tá an Roinn Fiontar, Turasóireachta agus Fostaíochta i mbun tacair gníomhartha comhordaithe a fhorbairt faoin Straitéis Cur Chun Feidhme Maoinithe chun Scálú, a bhfuil sé mar aidhm léi freagairt don bhearna mhaoinithe aitheanta do ghnólachtaí scálaithe. Cuirtear gníomhartha láithreacha i láthair sa Straitéis chun caipiteal a chur ar fáil don mhargadh lena n-áirítear Ciste Scálaithe FBM nua atá á riar ag Fiontraíocht Éireann. Déantar cur síos sa Straitéis freisin ar na chéad chéimeanna eile chun dlús a chur le gníomhartha beartais ionas go dtacófar le hinfheistíocht i gciste pinsin agus le hinfheisteoirí institiúideacha chun cistí cothromais a scálú in Éirinn i ndáiríre, rud a chuirfidh tuilleadh feabhais fós ar thimpeallacht scálaithe na hÉireann. Cinnteoidh na beartais airgeadais scálaithe níos leithne, il-oiriúnacha go mbeidh caipiteal fadtéarmach ar fáil chun tacú le fás agus le forbairt cuideachtaí slabhra soláthair gaoithe amach ón talamh na hÉireann.</td></tr>
<tr><th>Spriocdháta</th><th>Úinéirí*</th><th>Stádas Deiridh</th></tr>
<tr><td>Ar siúl faoi láthair</td><td>FÉ, RFTF, CBSÉ, CISÉ</td><td>Críochnaithe</td></tr>
</table>

| Gníomhartha | | |
|---|---|---|
| **Gníomh 5** | | **Nuashonraigh** |
| 5. Gnólachtaí nuathionscanta méadaithe agus gnólachtaí nuathionscanta ardacmhainne a thiomáint i ngaoth amach ón talamh, trí chláir fheabhsaithe forbartha fiontraithe agus tacaíochtaí maoinithe spriocdhírithe. | | Beidh príomhbhéim á leagan ag PROPEL Éireann ar fhorbairt cláir sa réimse seo in 2026 (féach Gníomh 25). Beidh infheictheacht ar an amlíne chun tús a chur le próiseas gaoithe amach ón talamh na hÉireann tábhachtach chun deiseanna nua do ghnólachtaí nuathionscanta a aithint agus tacú leo. Tá cláir thacaíochta atá bunaithe cheana féin cosúil le New Frontiers agus an Réamh-Shíolchiste ag leanúint ar aghaidh le gnólachtaí nuathionscanta fuinnimh in-athnuaite a mhealladh.<br><br>Tá líon beag ceadanna faighte ag FÉ do ghnólachtaí nuathionscanta ardacmhainne (GNA) in earnáil na gaoithe amach ón talamh i rith na tréimhse a chlúdaítear sa straitéis. Ceadaíodh trí GNA in 2024/25 mar aon le dhá infheistíocht leantacha shuntasacha in dhá chuideachta atá dírithe ar shuirbhéireacht, DBT. Rinneadh ceithre infheistíocht Réamh-Shíolchiste/€100,000 i gcliaint gaoithe amach ón talamh, ar GNAnna ionchasacha iad in 2026/7 – atá dírithe ar athchúrsáil comhpháirteanna, bogearraí, IS agus anailís sonraí.<br><br>Beidh an phríomhghníomhaíocht a bhaineann leis an ngníomh seo á treorú ag PROPEL Éireann, a chuir tús le gníomhaíochtaí i mí Dheireadh Fómhair 2025 agus atá ag leanúint ar aghaidh le céimeanna tosaithe. Soláthróidh Clár Nascachta na Gaoithe Amach ón Talamh béim struchtúrtha ar ghníomhaíochtaí gnólachtaí nuathionscanta agus GNA a mhéadú ní hamháin trí na cláir thacaíochta atá liostaithe thuas ach tríd an gCiste Tráchtálaithe freisin. |
| **Spriocdháta** | **Úinéirí*** | **Stádas Deiridh** |
| Ar siúl faoi láthair | FÉ, RFTF | Críochnaithe |
| **Gníomh 6** | | **Nuashonraigh** |
| 6. Dul i dteagmháil le gníomhaireachtaí ábhartha eile, mar an SEAI, FEÉ, Foras na Mara (MI), Oifig Forbartha Muirí na hÉireann (IMDO), chun cláir thacaíochta agus deiseanna maoinithe a ghiaráil chun leibhéil ábhair slabhra soláthair áitiúil sa mhargadh baile Éireannach a uasmhéadú. | | Chuaigh RFTF i mbun go leor rannpháirtíochta leis na húinéirí gnímh ainmnithe i rith 2024/2025, lena n-áirítear freastal ar imeachtaí éagsúla chun eolas a roinnt le cuideachtaí slabhra soláthair ábhartha faoin raon iomlán deiseanna maoinithe TF&N atá ar fáil don earnáil gaoithe amach ón talamh. I mí Aibreáin 2025, d'fhoilsigh RFTF leathanach gréasáin nua, 'deiseanna maoinithe TF&N don earnáil gaoithe amach ón talamh' ar leathanach baile shuíomh gréasáin 'Fuinneamh Gaoithe Amach ón Talamh'. Is liosta cuimsitheach atá anseo de gach clár ábhartha atá ar fáil don tionscal, agus (de réir Ghníomh 31, feachtas cumarsáide gaoithe amach ón talamh, atá críochnaithe cheana féin), tá nasc chuig an acmhainn seo curtha ar fáil i bhformhór postálacha meán sóisialta RFTF 2025 maidir le gaoth amach ón talamh.<br><br>Ó foilsíodh é, tá breis is 300 cuairt tugtha ar leathanach gréasáin Dheiseanna Maoinithe TF&N, agus tá breis is 170 cuairt tugtha ar leathanach cás-staidéir na hEarnála Gaoithe Amach ón Talamh. Is fianaise iad na leibhéil rannpháirtíochta seo gur éirigh leis an bhfeachtas próifíl na dtacaíochtaí TF&N atá ar fáil don earnáil gaoithe amach ón talamh a mhéadú agus feasacht ar na cosáin mhaoinithe atá ar fáil don tionscal a fheabhsú. |
| **Spriocdháta** | **Úinéirí*** | **Stádas Deiridh** |
| Ar siúl faoi láthair | RFTF, SEAI, Taighde Éireann, MI, IMDO | Críochnaithe |

| Gníomhartha | | |
|---|---|---|
| **Gníomh 7** | | **Nuashonraigh** |
| 7. Féachaint le síneadh a chur leis an Scéim Iasachta Fáis agus Inbhuanaitheachta de €500 milliún (GSLS) agus aon ghá le scéim nó tionscnamh maoinithe eile chun tacú le fás an tslabhra soláthair gaoithe amach ón talamh. | | I láthair na huaire tá RFTF páirteach i bplé maidir le forbairt a dhéanamh ar an Scéim Iasachta Fáis agus Inbhuanaitheachta (SIFI) ar fiú €500 milliún í. Is é an aidhm atá ann an scéim a threisiú agus a fhorbairt ionas gur féidir léi leanúint ar aghaidh ag tacú le breis éilimh ó FBManna agus ó Chuideachtaí Meánchaipitlithe, rud a chumasóidh tuilleadh infheistíochta, nuálaíochta agus fáis fhadtéarmaigh ar fud na hearnála. |
| **Spriocdháta** | **Úinéirí*** | **Stádas Deiridh** |
| Ar siúl faoi láthair | RFTF, CBSÉ | Críochnaithe ar bhealaí eile nó a mhéid is féidir |
| **Gníomh 8** | | **Nuashonraigh** |
| 8. Breithniú a dhéanamh ar mholtaí na Tuarascála Measúnaithe Scileanna Greentech Skillnet/WEI agus, ag baint úsáide as maoiniú spriocdhírithe ón gCiste Náisiúnta Oiliúna (CNO), faoi réir comhaontaithe sa phróiseas meastacháin, gníomhartha a chomhaontú chun tosaíochtaí scileanna a sheachadadh chun spriocanna fuinnimh gaoithe amach ón talamh a bhaint amach. | | Mar fhreagairt ar mholtaí na tuarascála measúnaithe scileanna maidir le forbairt gaoithe amach ón talamh, d'fhoilsigh an Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta (RBATNE) an Plean Gníomhaíochta Scileanna Gaoithe Amach ón Talamh i mí Dheireadh Fómhair 2024.<br><br>Deartha chun earnálacha Breisoideachais agus Ardoideachais na hÉireann a threorú trí 2030, ag tacú leis an bplean tá maoiniú faighte i mBuiséad 2025 agus i mBuiséad 2026 mar chuid de Phacáiste Scileanna ginearálta an Chiste Náisiúnta Oiliúna (CNO). Tá maoirseacht leanúnach á déanamh ag Sruth Oibre 8 ar chur chun feidhme an Phlean Gníomhaíochta: Scileanna agus Lucht Saothair laistigh den Chlár um Fhuinneamh Gaoithe Amach ón Talamh.<br><br>Chun dlús a chur le táirgí insoláthartha ón bPlean Gníomhaíochta, leanfaidh Acadamh Gaoithe Amach ón Talamh Skillnet, a seoladh i mí na Samhna 2024 chun deiseanna uasoiliúna do ghairmithe lárghairme a chur ar fáil, leis na micridhintiúir a fhorbairt atá riachtanach chun aistriú isteach sa tionscal gaoithe.<br><br>Chun comhordú idir príomhpháirtithe i réimsí dhearadh agus sheachadadh an chláir a chinntiú, mar aon le creidiúnú agus úsáid agus forbairt bonneagair, tá RBATNE ag obair le príomhpháirtithe chun Mol Náisiúnta Scileanna do Ghaoth Amach ón Talamh a fhorbairt.<br><br>Tá an coincheap forbartha trí ionchur leanúnach ó Ghrúpa Comhairleach Saineolaithe TGTS agus trí dhlúth-chomhoibriú le RFTF agus Fiontraíocht Éireann, atá i mbun PROPEL Éireann a fhorbairt (féach Gníomh 25). Ní mór an dá thionscadal a ailíniú gar dá chéile, agus tá RFTF agus FÉ ag glacadh leis an mol scileanna mar phríomh-chomhpháirt de thimpeallacht tacaíochta iomlán na hearnála seo. Tá an mol scileanna seo á fhorbairt i gcéimeanna éagsúla. Beidh an chéad chéim—ardán ar líne a bhfuil sé beartaithe é a chur ar fáil i Ráithe 4 2026—ag feidhmiú mar lárphointe rochtana do scileanna, oiliúint agus forbairt an lucht saothair. Samhlaítear go mbeidh leaganacha níos déanaí den mhol scileanna ag feidhmiú mar shaoráid fhisiciúil a bhainfidh tairbhe as seirbhísí atá á gcur ar fáil cheana féin.<br><br>Cuireann na tionscnaimh seo le cúrsa oiliúna bunaithe a thairgeann oiliúint scileanna a bhaineann le gaoth amach ón talamh le tacaíocht ó thionscnaimh cosúil le Springboard+, nó san earnáil Breisoideachais agus Ardoideachais (BOAO), soláthar a bhfuil Straitéis Scileanna Glasa 2030 a seoladh le déanaí ag tacú leis agus a Phlean Feidhmithe tionlacain. Sa straitéis aithnítear príomhghanntanais scileanna agus na bearta uasoiliúna atá ag teastáil i raon earnálacha, FIOT san áireamh. |
| **Spriocdháta** | **Úinéirí*** | **Stádas Deiridh** |
| 2024 ar aghaidh | RBATNE | Críochnaithe |

<table>
<tr><th colspan="3">Gníomhartha</th></tr>
<tr><td colspan="2">Gníomh 9</td><td>Nuashonraigh</td></tr>
<tr><td colspan="2">9. Ceardlanna oiliúna soláthair phoiblí a sheachadadh do chuideachtaí ar fud shlabhra soláthair na hÉireann.</td><td>Liosta de sholáthairtí poiblí atá beartaithe ag baill TGTS in 2025 roinnte le FÉ chun cabhrú le ceanglais oiliúna cuideachta maidir le próisis soláthair phoiblí a mheas agus a phleanáil. Tá EirGrid i mbun idirchaidrimh le Fiontraíocht Éireann agus GFT Éireann chun an chéad cheardlann a eagrú tráth a gcuirfear faisnéis ar fáil maidir leis na próisis soláthair phoiblí a bhfuilimid ag súil leo sa tréimhse amach romhainn.<br><br>Tá Meabhrán Tuisceana (MT) sínithe idir EirGrid, oibritheoir agus forbróir eangach leictreachais na hÉireann, Fiontraíocht Éireann agus GFT Éireann maidir le todhchaí na gaoithe amach ón talamh in Éirinn ag comhdháil bhliantúil Wind Europe i gCóbanhávan, i mí Aibreáin 2025 (Gníomh 10). Aithnítear sa MT seo na buntáistí a d'fhéadfadh Éire a bhaint as comhoibriú idir na páirtithe. Beidh sé mar bhonn le tacaíocht atá á cur ar fáil do chuideachtaí Éireannacha cheana féin a bhfuil saineolas acu i réimsí cosúil le hinnealtóireacht shibhialta agus mhuirí, acmhainn gheoiteicniúil/gheoifisiceach, láimhsiú ábhar, suirbhéanna comhshaoil agus bailiú sonraí, mar aon le saineolas nuálach sa réimse digiteach ar mhaithe le cibearshlándáil amach ón talamh agus cibearshlándáil ghaolmhar. Beidh ról lárnach ag an saineolas laistigh de chuideachtaí Éireannacha chun uaillmhianta gaoithe amach ón talamh agus inbhuanaitheachta na hÉireann a sheachadadh<br><br>Ba í an chéad chéim a bhain le dlús a chur leis an gclár seo ná Seimineár Gréasáin Soláthair EirGrid/FÉ/GFT, a reáchtáladh ar an 29 Eanáir. Bhí thart ar 145 i láthair ar an lá. Tá sé beartaithe ag FÉ imeacht acmhainne soláthair ar féidir le daoine freastal air a reáchtáil i Ráithe 3 2026.</td></tr>
<tr><td>Spriocdháta</td><td>Úinéirí*</td><td>Stádas Deiridh</td></tr>
<tr><td>R4 2024</td><td>FÉ, EirGrid</td><td>Críochnaithe ar bhealaí eile nó a mhéid is féidir</td></tr>
<tr><td colspan="2">Gníomh 10</td><td>Nuashonraigh</td></tr>
<tr><td colspan="2">10. MT a bhunú agus a chur i bhfeidhm idir EirGrid agus na gníomhaireachtaí fiontair ábhartha.</td><td>Críochnaithe.</td></tr>
<tr><td>Spriocdháta</td><td>Úinéirí*</td><td>Stádas Deiridh</td></tr>
<tr><td>R2 2024</td><td>EirGrid, FÉ, GFT</td><td>Críochnaithe</td></tr>
</table>

| Gníomhartha | | |
|---|---|---|
| **Gníomh 11** | | **Nuashonraigh** |
| 11. Trí rannpháirtíocht le comhpháirtithe tionscail, feasacht a ardú agus rannpháirtíocht a spreagadh i nglao iomaíoch náisiúnta ar chnuasaigh faoin gClár um Chnuasaigh Náisiúnta a luaithe a fhógraítear é. | | Ó foilsíodh an Tuarascáil ar Dhul Chun Cinn Cur Chun Feidhme i mí Aibreáin 2025, tá Staidéar Féidearthachta Líonra Tionscail Mhuirí na hÉireann (LTMÉ) curtha i gcrích agus foilsithe, agus tá moltaí le fáil ann mar aon le treochlár d'aistriú LTMÉ chuig braisle fhoirmiúil,-atá á treorú ag an tionscal. I measc na bpríomhriachtanas aistrithe tá Grúpa Stiúrtha Idirthréimhseach a bhunú mar aon le Meitheal Tionscail, a bheidh dírithe ar struchtúr CGA/CTR, agus é mar aidhm iarratas a chur faoi bhráid Scéim Prímeála Réigiún Cliste Fhiontraíocht Éireann. I rith na céime seo, beidh LTMÉ freagrach as cumarsáid agus comhordú fad is a bheidh dlús á chur leis an obair chun braisle a bhunú go foirmiúil.<br><br>Reáchtáladh imeacht líonraithe de chuid an Tionscail Mhuirí Trasteorann i mí Dheireadh Fómhair 2025. Bhí an t-imeacht seo eagraithe agus bainistithe ag LTMÉ sa Deisceart agus ag líonra Muirí agus Amach ón Talamh Thuaisceart Éireann (MATÉ) i dTuaisceart Éireann. Thug an grúpa cuairt ar roinnt láithreán a bhí ábhartha don ghaoth amach ón talamh ar an dá thaobh den teorainn (Cill Chaoil, An Grianfort, XOCEAN, etc.) agus ba é seo an chéad imeacht a reáchtáladh mar chuid de chaidreamh atá ag forbairt idir an dá eagraíocht.<br><br>Leanadh ar aghaidh leis an bplé maidir le braisle a bhunú lena n-áirítear an fhéidearthacht a bhaineann le tuilleadh gníomhaíochtaí uile-oileáin i gcomhar le MATÉ. |
| **Spriocdháta** | **Úinéirí*** | **Stádas Deiridh** |
| I rith 2024 | RFTF, FÉ, GFT, SEAI, MI, IMDO | Críochnaithe ar bhealaí eile nó a mhéid is féidir |
| **Gníomh 12** | | **Nuashonraigh** |
| 12. Straitéis GFT Éireann 2021 – 2024: Leanúint ar aghaidh ag díriú agus ag tacú le gealltanais infheistíochta 'Inbhuanaitheacht agus Geilleagar Glas' IDC. | | Críochnaithe |
| **Spriocdháta** | **Úinéirí*** | **Stádas Deiridh** |
| R4 2024 | RFTF, GFT | Críochnaithe |

| Gníomhartha | | |
|---|---|---|
| **Gníomh 13** | | **Nuashonraigh** |
| 13. Straitéis GFT Éireann 2025 – 2029: Cinntiú go socraítear spriocanna agus cuspóirí soiléire chun infheistíocht IDC a bhuachan agus chun tacú leis in earnáil na gaoithe amach ón talamh. | | Críochnaithe agus curtha san áireamh i Straitéis GFT Éireann 2025–2029 |
| **Spriocdháta** | **Úinéirí*** | **Stádas Deiridh** |
| R4 2024 | RFTF, GFT | Críochnaithe |
| **Gníomh 14** | | **Nuashonraigh** |
| 14. Dul san iomaíocht go hidirnáisiúnta chun infheistíochtaí móra ar scála a bhaint amach ó IDC straitéiseach, a chomhlánaíonn forbairt chumas gaoithe amach ón talamh na hÉireann agus an fás ar chineálacha nua infheistíochta 'ardluacha'. | | I rith na tréimhse idir 2023-2025, thacaigh GFT le 20 togra a bhain le gaoth ar an talamh agus amach ón talamh. Fógraíodh cúig thogra. Bhain formhór na gceadanna le Seirbhísí Innealtóireachta agus le forbróirí. Bhí féidearthachtaí a bhain le gaoth amach ón talamh ag baint leo go leor acu, agus féidearthachtaí a bhain le hearnálacha eile freisin. |
| **Spriocdháta** | **Úinéirí*** | **Stádas Deiridh** |
| Ar siúl faoi láthair | RFTF, GFT | Críochnaithe |

<table>
<tr><th colspan="3">Gníomhartha</th></tr>
<tr><th colspan="2">Gníomh 15</th><th>Nuashonraigh</th></tr>
<tr><td colspan="2">15. Comhoibriú go dlúth lena chinntiú gur féidir deiseanna comhpháirtíochta a uasmhéadú le cuideachtaí idirnáisiúnta in earnáil na gaoithe amach ón talamh.</td><td>Oibríonn GFT agus Fiontraíocht Éireann i gcomhpháirt ar mhisin trádála, cuairteanna aireachta agus seónna trádála idirnáisiúnta ábhartha agus imeachtaí ar fud gach margadh idirnáisiúnta lena n-áirítear Meiriceá Thuaidh, an Eoraip, an Ríocht Aontaithe agus Réigiún an Aigéin Chiúin agus na hÁise. Lena chois sin, tá plé tosaigh ar bun chun tacú le gníomhaireachtaí agus le soláthraithe ionchasacha chun deiseanna conartha agus fosholáthair a aithint.<br><br>Chomhoibrigh Fiontraíocht Éireann agus GFT ar roinnt tionscnamh lena n-áirítear:<br><br>• WindEurope Cóbanhávan 2025, áit ar chomhoibrigh na Gníomhaireachtaí freisin chun imeacht a reáchtáil in ambasáid na hÉireann sa Danmhairg.<br>• Chomhoibrigh an dá Ghníomhaireacht le Eirgrid chun MT a shíniú i mí Aibreáin 2025 maidir le todhchaí na gaoithe amach ón talamh in Éirinn (Gníomh 10). Gníomh a rinneadh mar thoradh ar an MT seo ba ea Seimineár Gréasáin Soláthair EirGrid/FÉ/GFT ar fhreastail thart ar 145 duine air ar an 29 Eanáir (Gníomh 9).<br>• Gaoth Amach ón Talamh ag Leibhéal Domhanda, Londain i mí an Mheithimh 2025 tráth a raibh an dá ghníomhaireacht ag obair ag an seastán céanna.<br>• I gcomhar le RFTF, d'fhreastail an dá ghníomhaireacht ar roinnt rannpháirtíochtaí le páirtithe leasmhara, e.g. cruinnithe le Vestas agus Ørsted, ina gceanncheathrúna faoi seach i gCóbanhávan.<br>• D'fhreastail agus ghlac FÉ agus GFT páirt san imeacht bliantúil leis an Albain (Gníomh 23).<br>• Tráthnóna Nuálaíochta GT na Cóiré i mí Feabhra 2025 in áras cónaithe an Ambasadóra. D'eagraigh an Chóiré cuairteanna ceannaitheora isteach go hÉirinn in 2024 agus 2025 le hilchuideachtaí móra ón gCóiré ar spéis leo comhoibriú le cuideachtaí teicneolaíochtaí glasa agus glana Éireannacha. Rannpháirtíocht duine le duine le cuideachtaí GT Éireannacha agus cruinnithe tosaigh etc. a eagrú le páirtithe leasmhara GT ábhartha ón gCóiré.<br><br>Pleananna a dhéanamh don Aire ar cuairt mar chuid de mhisean Lá Fhéile Pádraig chun na Seapáine chun cuairt a thabhairt ar dhá thaispeántóir gaoithe amach ón talamh Éireannacha ag Seachtain an Fhuinnimh Chliste i mí an Mhárta 2026, mar aon le gníomhaíocht phoiblíochta trí phreaseisiúintí agus rannpháirtíocht leis na meáin. Labhraíodh le príomhchumainn tionscail Sheapánacha, lena n-áirítear Cumann Chumhacht Gaoithe na Seapáine (CCGS) agus Cumann Fuinnimh In-athnuaite Gaoithe Amach ón Talamh ar Snámh (CFIGTS), chun feasacht ar acmhainní gaoithe amach ón talamh na hÉireann a fhorbairt.</td></tr>
<tr><th>Spriocdháta</th><th>Úinéirí*</th><th>Stádas Deiridh</th></tr>
<tr><td>Ar siúl faoi láthair</td><td>RFTF, GFT, FÉ</td><td>Críochnaithe</td></tr>
</table>

| Gníomhartha | | |
|---|---|---|
| **Gníomh 16** | | **Nuashonraigh** |
| 16. Oibriú go dlúth le RFTF agus le Ranna eile chun a chinntiú go bhfuil na meicníochtaí tacaíochta cuí agus na scéimeanna maoinithe i bhfeidhm chun tacú le forbairt IDC gaoithe amach ón talamh idirnáisiúnta. | | Tá GFT ag leanúint ar aghaidh le haird infheisteoirí gaoithe amach ón talamh a tharraingt ar a táirgí agus oibreoidh sí le RFTF agus leis an gCoimisiún Eorpach maidir le tacaíochtaí nua a d'fhéadfadh a bheith ar fáil d'infheisteoirí gaoithe amach ón talamh cosúil le Creat Státchabhrach Mhargadh Tionsclaíoch Glan an AE agus an Rialachán Ginearálta maidir le Blocdhíolúine. |
| **Spriocdháta** | **Úinéirí*** | **Stádas Deiridh** |
| Ar siúl faoi láthair | RFTF, GFT | Críochnaithe ar bhealaí eile nó a mhéid is féidir |
| **Gníomh 17** | | **Nuashonraigh** |
| 17. Ballraíocht na hÉireann i gComhghuaillíochtaí Comhoibrithe amhail GCFMT, agus comhaontuithe déthaobhacha atá ann cheana féin le comhpháirtithe Eorpacha a úsáid chun forbairt deiseanna idirnáisiúnta slabhra soláthair FGT a chur chun cinn. | | Leanfaidh RFTF agus RAFC ar aghaidh obair le chéile maidir leis an bhféidearthacht a bhaineann le CFMT chun an slabhra soláthair a fhorbairt, sa bhreis ar rannpháirtíocht leanúnach leis an Ríocht Aontaithe faoin MT maidir le hAistriú fuinnimh, athnuaiteáin amach ón talamh agus comhar idirnaisc leictreachais, agus faoi Ráiteas Comhpháirtíochta na Ríochta Aontaithe-Éire 2030 freisin. Tá RFTF páirteach freisin i dtionscnaimh faoin Dearbhú Comhpháirteach Intinne i réimse na hidrigine glaise idir Éire agus an Ghearmáin.<br><br>Táthar ag leanúint leis an rannpháirtíocht leis an Ríocht Aontaithe faoin MT maidir le Fuinneamh In-athnuaite, ar cuireadh síneadh leis ar an 14 Iúil 2025. Lena chois sin, tá roinnt gealltanas le fáil i Ráiteas Comhpháirtíochta 2030 na Ríochta Aontaithe-na hÉireann chun an méid seo a leanas a chinntiú, *"cur chuige straitéiseach agus éifeachtúil maidir lenár spás muirí comhroinnte chun úsáid a bhaint as infheistíocht, chun tacú le timpeallacht mhuirí shláintiúil agus chun fuinneamh glas a chur ar fáil dár n-oileáin"*. Ina measc seo tá comhoibriú maidir leis an Muir Cheilteach agus Muir Éireann, MTanna idir na OCTanna, bailiú sonraí agus roinnt faisnéise maidir le pleanáil mhuirí mar aon le gealltanas sonrach, ar chabhraigh RFTF go díreach leis, a bhfuil sé mar aidhm leis slabhra soláthair uile-oileáin a fhorbairt agus tacú leis. |
| **Spriocdháta** | **Úinéirí*** | **Stádas Deiridh** |
| Ar siúl faoi láthair | RFTF, GFT, FÉ | Críochnaithe |
| **Gníomh 18** | | **Nuashonraigh** |
| 18. Gníomhaíochtaí nua féideartha a aithint le cur san áireamh sa tríú CPG idir an Ghearmáin agus Éire a dhírigh ar chomhoibriú i réimse na slabhraí soláthair FGT. | | Ó foilsíodh an CPG, tá oifigigh RFTF ag obair le contrapháirteanna ó Aireacht Chónaidhme Gnóthaí Eacnamaíocha agus Fuinnimh na Gearmáine chun díriú ar chomhar tionscalbhunaithe chun slabhraí soláthair fuinnimh in-athnuaite amach ón talamh a fhorbairt agus leanúint ar aghaidh le dea-chleachtais a roinnt agus le heolas eile a roinnt idir lucht déanta beartas. |
| **Spriocdháta** | **Úinéirí*** | **Stádas Deiridh** |
| R4 2024 | RFTF | Críochnaithe |

| Gníomhartha | | |
|---|---|---|
| **Gníomh 19** | | **Nuashonraigh** |
| 19. Deiseanna a lorg chun comhpháirtíocht straitéiseach a fhorbairt le tíortha nó eagraíochtaí eile, lena n-áirítear i bhfoirm MTanna nó DInna, chun comhroinnt eolais agus fás an tslabhra soláthair in Éirinn a chumasú. | | D'oibrigh RFTF leis an Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála chun Ráiteas Comhpháirteach Éire-na Breataine Bige 2030 a fhorbairt (https://assets.gov.ie/static/documents/Ireland_Wales_Framework_-_English.pdf).<br><br>Tá gníomh le fáil sa Ráiteas Comhpháirteach a bhfuil sé mar aidhm leis an méid seo a leanas a dhéanamh, "Ár líonraí a úsáid chun naisc a bhunú agus chun tacú le heagraíochtaí a bhfuil scrúdú á dhéanamh acu ar dheiseanna do chomhar i Muir Éireann agus sa Mhuir Cheilteach, maidir le fuinneamh in-athnuaite, taighde agus forbairt, agus fás an tslabhra soláthair." Leanfaidh RFTF ar aghaidh ag obair le comhghleacaithe as an mBreatain Bheag atá lonnaithe in Éirinn agus thar lear maidir le deiseanna a bhaineann leis an slabhra soláthair.<br><br>Chomh maith leis sin, d'oibrigh RFTF leis an Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála chun Creat um Chomhar Déthaobhach na hÉireann-na hAlban a fhorbairt (https://assets.gov.ie/static/documents/90c5226f/Ireland_Scotland_Framework_v4-Eng-web_1.pdf).<br><br>Tá gníomh le fáil sa Chreat arb é an aidhm atá leis "Oifigigh rialtais Éireannacha agus Albanacha a thabhairt le chéile, le príomhpháirtithe leasmhara, de réir mar is cuí, chun scrúdú a dhéanamh ar chomhar fuinnimh, go háirithe gaoth amach ón talamh agus ar an talamh, agus hidrigin." Tarraingítear aird freisin ar an imeacht bliantúil a bunaíodh leis an Albain, a reáchtáladh i mBaile Átha Cliath agus Corcaigh in 2024, Gníomh 23 in Ag Cumhachtú Rathúnais. Reáchtáladh an dara himeacht bliantúil in Obar Dheathain i mí Dheireadh Fómhair 2025 (tá tuilleadh sonraí le fáil i nGníomh 23).<br><br>I mí an Mheithimh 2024, ghlac RFTF páirt i gcuairt láithreáin ar Port La Nouvelle sa Fhrainc in éineacht le baill eile den Tascfhórsa Trasrialtais um Ghaoth Amach ón Talamh a Sheachadadh agus príomhpháirtithe leasmhara ón tionscal. I rith na cuairte díríodh ar Ghaoth Amach ón Talamh ar Snámh a fhorbairt agus eagraíodh turas ag taobh an duga ar thionscadal píolótach ar Snámh Eoliennes Flottantes du Golfe du Lion a bhfuiltear ag obair air sa chalafort mar aon le plé comhchéime a bhí dírithe ar fhorbairt agus ar mhaoiniú bhonneagar an chalafoirt, pleanáil agus toiliú, agus an lóistíocht a bhaineann le tionscadail ghaoithe amach ón talamh an chalafoirt a éascú. |
| **Spriocdháta** | **Úinéirí*** | **Stádas Deiridh** |
| Ar siúl faoi láthair | RFTF | Críochnaithe |

| Gníomhartha | | |
|---|---|---|
| **Gníomh 20** | | **Nuashonraigh** |
| 20. Éire a chur chun cinn mar mhargadh FGT ardacmhainneachta trí mhisin trádála aireachta agus rannpháirtíocht ghníomhach i gcomhdhálacha idirnáisiúnta, seónna trádála agus imeachtaí móra earnála FGT eile, lena n-áirítear trí rannpháirtíocht le comhlachtaí ionadaíocha tionscail. | | Rinneadh ionadaíocht ar Airí, oifigigh RFTF agus an TGTS trí chéile ag mórimeachtaí Éireannacha agus idirnáisiúnta na hearnála FGT ón 1 Aibreán 2025, lena n-áirítear:<br><br>Ghlac baill den TGTS, lena n-áirítear RFTF, páirt in WindEurope idir an 8-10 Aibreán 2025. Labhair roinnt ball ag an imeacht, cuireadh obair i gcrích leis an tionscal agus ghlac an tAire Stáit sa Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara le freagracht speisialta as Iascaigh agus sa RAFC le freagracht speisialta as Cúrsaí Mara, Timmy Dooley T.D., páirt i ndíospóireacht phainéil freisin agus bhuail sé le cuideachtaí ag Pailliún na hÉireann. Ailínithe leis an gcomhdháil, d'óstáil Ambasadóir na Danmhairge chun na hÉireann imeacht líonraithe do bhaill de thoscaireacht na hÉireann agus do roinnt cuideachtaí.<br><br>I mí na Bealtaine, ghlac an tAire Stáit sa Roinn Fiontar, Turasóireachta agus Fostaíochta le freagracht speisialta as Cur Chun Cinn na Trádála, Cúrsaí Digiteacha agus Rialú Cuideachtaí, Niamh Smyth T.D., páirt i Misean Trádála a bhí á threorú ag FÉ chomh fada leis an Albain ar an 1 Bealtaine 2025. Dhírigh an misean trádála a thug cuairt ar Dhún Éideann agus Glaschú ar naisc thrádála idir Albain agus Éire a threisiú agus tacú le cliantchuideachtaí Fhiontraíocht Éireann chun deiseanna a aimsiú chun tacú le fás, go háirithe in earnálacha lena n-áirítear gaoth amach ón talamh. Chomh maith leis sin, d'fhreastail an tAire Smyth ar phlé comhchéime earnála maidir le gaoth amach ón talamh le hionadaithe tionscail Éireannacha agus Albanacha, a bhí dírithe ar chomhpháirtíochtaí a d'fhéadfaí a bhunú a aithint. https://www.enterprise-ireland.com/en/news/enterprise-ireland-leads-trade-mission-to-scotland.<br><br>Ar an 27 agus 28 Bealtaine, labhair oifigigh shinsearacha ó RFTF agus ó TSGT trí chéile ag seisiúin phainéil ag Comhdháil Bhliantúil Gaoithe Amach ón Talamh Fhuinneamh Gaoithe Éireann chun aird a tharraingt arís ar Ag Cumhachtú Rathúnais os comhair lucht féachana de bhreis agus 500 duine thar an dá lá.<br><br>Ghlac oifigigh ó RFTF agus baill de TSGT páirt in Gaoth Amach ón Talamh Domhanda idir an 17-18 Meitheamh, áit a raibh seastán ag Rialtas na hÉireann agus ag Líonra Amach ón Talamh Gael, a thug léargas ar roinnt cuideachtaí ó shlabhra soláthair na hÉireann mar aon lenár ngníomhaireachtaí fiontraíochta.<br><br>D'oscail an tAire Fiontar, Turasóireachta agus Fostaíochta, Peter Burke T.D., Taispeántas FGÉ i mí Dheireadh Fómhair, agus ba é an tAire Dooley a thug an t-aitheasc clabhsúir. Ghlac oifigigh ó roinnt Rann agus gníomhaireachtaí páirt i seisiúin phainéil freisin.<br><br>Chomh maith leis sin, d'fhreastail RFTF ar Ghaoth Amach ón Talamh ar Snámh in Obar Dheathain agus bhuail sí le hionadaithe ó Rialtas na hAlban, gnólachtaí Fiontraíochta Albanacha agus Éireannacha. |
| **Spriocdháta** | **Úinéirí*** | **Stádas Deiridh** |
| Ar siúl faoi láthair | RFTF, FÉ, GFT, RAFC | Críochnaithe |

| Gníomhartha | | |
|---|---|---|
| **Gníomh 21** | | **Nuashonraigh** |
| 21. Misean aimsithe fíricí a threorú chuig calafort Esbjerg le príomhpháirtithe leasmhara chun féachaint conas a d'fhorbair sé chun tacú leis an slabhra soláthair gaoithe amach ón talamh. | | Críochnaithe. |
| **Spriocdháta** | **Úinéirí*** | **Stádas Deiridh** |
| R4 2024 | RFTF, FÉ | Críochnaithe |
| **Gníomh 22** | | **Nuashonraigh** |
| 22. Dul i dteagmháil le Roinn Geilleagair Thuaisceart Éireann (DfE) agus Idirthráchtáil Éireann (ITI) maidir le deiseanna féideartha slabhra soláthair FGT uile-oileáin. | | I mí na Bealtaine 2025, i ndiaidh thuarascáil ITÉ 'Deiseanna Gaoithe Amach ón Talamh agus Hidrigine d'Oileán na hÉireann' a fhoilsiú, a sheol an tAire Burke agus an Dr Caoimhe Archibald, An tAire Geilleagair (TÉ), lean RFTF ar aghaidh ag obair le ITÉ arís agus le páirtithe leasmhara eile chun scrúdú a dhéanamh ar an bhféidearthacht a bhain le dlús a chur le moltaí ón tuarascáil, e.g. Braisle Slabhra Soláthair Uile-Oileáin. |
| **Spriocdháta** | **Úinéirí*** | **Stádas Deiridh** |
| Ar siúl faoi láthair | RFTF, FÉ, GFT, ITÉ | Críochnaithe |

| Gníomhartha | | |
|---|---|---|
| **Gníomh 23** | | **Nuashonraigh** |
| 23. Comh-imeacht bliantúil a bhunú le hAlbain atá dírithe ar chomhphlé idir-Rialtais agus rannpháirtíocht le tionscal i réimse an fhuinnimh in-athnuaite a chur chun cinn. | | I ndiaidh Dlús a Chur leis an Deis a bhaineann le Gaoth Amach ón Talamh: An Bhearna idir Tuiscintí Éireannacha agus Albanacha a Dhúnadh, dhírigh an chéad imeacht comhpháirteach a reáchtáladh idir Éire agus Albain ar naisc a threisiú san earnáil fuinnimh in-athnuaite amach ón talamh, agus leanadh ar aghaidh leis an gcomhoibriú idir an dá dhlínse i rith 2025. San áireamh san obair seo bhí forbairt agus monatóireacht a dhéanamh ar phlean oibre comhpháirteach, agus bhí gníomhartha dírithe ar chomhar sa slabhra soláthair agus sa bhonneagar calafoirt; TF&N agus scileanna; agus pleanáil, rialú agus eangach, mar aon le plé misin trádála agus trasteorann á threorú ag an Aire Smyth a raibh sé mar aidhm leis comhoibriú idir Éire agus Albain a fheabhsú san earnáil fuinnimh in-athnuaite amach ón talamh (FIOT) i mí na Bealtaine 2025.<br><br>Ag cur leis an rath a bhí ar an gcéad imeacht comhpháirteach a reáchtáladh anuraidh, d'óstáil Rialtas na hAlban an dara leagan den imeacht, An Deis a bhaineann le Gaoth Amach ón Talamh a Thapú: Comhoibriú Albanach-Éireannach a Fhorbairt, in Obar Dheathain i mí Dheireadh Fómhair 2025.<br><br>Mar chuid den imeacht dhá lá seo eagraíodh plé domhain maidir le gaoth amach ón talamh ar snámh, nuálaíocht agus forbairt scileanna, agus tarraingíodh aird i rith na gcomhráite, i measc rudaí eile, ar an bhféidearthacht a bhaineann le comhoibriú i ndáil le forbairt an lucht saothair, lena n-áirítear an fhéidearthacht a bhaineann le cláir oiliúna chomhpháirteacha. Mar chuid den imeacht eagraíocht plé déthaobhach freisin idir an tAire Dooley agus an Rúnaí Comh-aireachta don Ghníomhú ar son na hAeráide agus Fuinneamh, Gillian Martin, mar aon le cuairteanna láithreáin ar Ionad Nuálaíochta Gaoithe Amach ón Talamh ar Snámh Fhuinneamh In-athnuaite Amach ón Talamh Catapult, monarcha cáblaí fomhuirí nua Sumitomo Electric ag Calafort Nigg, agus ag Calafort Ardesier.<br><br>Spreag an t-imeacht seo roinnt gníomhartha leantacha breise chun comhar idir Éire agus Albain sa spás seo a fheabhsú i rith 2026, lena n-áirítear imeacht atá dírithe ar an slabhra soláthair atá beartaithe a reáchtáil i mBaile Átha Cliath i mí Eanáir 2026, forbairt bheartaithe clár intéirneachta comhpháirteach chun forbairt scileanna FIOT a éascú, mar aon le tús a chur leis an bpleanáil do leagan 2026 d'imeacht comhpháirteach fuinnimh in-athnuaite amach ón talamh na hÉireann-na hAlban. |
| **Spriocdháta** | **Úinéirí*** | **Stádas Deiridh** |
| R2 2024 | RFTF | Críochnaithe |
| **Gníomh 24** | | **Nuashonraigh** |
| 24. Dul i ngleic le struchtúir atá ann cheana féin, ábhair lárnacha TF&N/na mórdhúshláin atá roimh an tionscal maidir le FGT a aithint. | | Críochnaithe. |
| **Spriocdháta** | **Úinéirí*** | **Stádas Deiridh** |
| R4 2024 | RFTF (Foghrúpa TF&N RFTF) | Críochnaithe |

| Gníomhartha | | |
|---|---|---|
| **Gníomh 25** | | **Nuashonraigh** |
| 25. Dlús a chur le OWCE a fhorbairt lena n-áirítear staidéar féidearthachta agus plean tionscadail mhionsonraithe atá le seachadadh agus é seo a sheachadadh faoi réir cead maoinithe a fháil | | Chuir Everoze staidéar féidearthachta i gcrích a bheidh mar bhonn le Céim 1 d'fhorbairt IBFGT ar a dtabharfar PROPEL Éireann. Ceapadh an Bainisteoir Tionscadail le haghaidh PROPEL Éireann i mí Dheireadh Fómhair 2025 agus beidh sé/sí freagrach as an ionad a bhunú, dearadh an chláir a fhorbairt agus oibriú le páirtithe leasmhara. Leanadh ar aghaidh leis an obair go tapa agus seoladh PROPEL Éireann go hoifigiúil ar an 3 Márta 2026.<br><br>Chomh fada is a bhaineann leis an rath a bheidh ar PROPEL Éireann beidh tábhacht leis an nGrúpa Stiúrtha de bhrí go dtreoróidh sé agus go gcomhoibreoidh sé le gnéithe éagsúla chun seachadadh rathúil an phlean oibre a chinntiú, ar a dtugtar Clár Nascachta na Gaoithe Amach ón Talamh. Tá struchtúr Chlár Nascachta na Gaoithe Amach ón Talamh eagraithe i bpacáistí oibre, agus tá gach pacáiste dírithe ar ghné ríthábhachtach d'fhorbairt na gaoithe amach ón talamh. |
| **Spriocdháta** | **Úinéirí*** | **Stádas Deiridh** |
| R2 2025 | RFTF | Críochnaithe |
| **Gníomh 26** | | **Nuashonraigh** |
| 26. Iniúchadh a dhéanamh ar an bhféidearthacht láithreán tástála gaoithe amach ón talamh ar snámh a bheith ann. | | Foilsíodh Measúnú Acmhainní Teicniúla na Gaoithe Amach ón Talamh ar an 24 Bealtaine 2025. Mar chuid den obair seo lorgaíodh láithreáin oiriúnacha do thionscadal taispeántóra ar snámh mórthimpeall ar limistéar muirí na hÉireann. Moladh sa mheasúnú go ndíreodh Éire ar thionscadal taispeántóra ar snámh, agus go dtabharfaí tús áite do ghaoth amach ón talamh ar snámh sa Mhuir Cheilteach, agus go leanfaí leis an bhforbairt sa treo thiar de réir mar a fhorbraíonn teicneolaíocht agus bonneagar. Rinneadh cur síos sa tuarascáil inter alia ar an acmhainn theicniúil do ghaoth amach ón talamh a d'fhéadfaí a fhorbairt amach ó chósta na hÉireann. Tugadh léargas ardleibhéil freisin ar an méid gaoithe seasta íochtair agus ar snámh a d'fhéadfaí a shuiteáil sna limistéir ghinearálta atá sonraithe sa tuarascáil. Leanfaidh RAFC ar aghaidh le machnamh a dhéanamh ar láithreáin oiriúnacha do thaispeántóir ar snámh nuair a bheidh an PLMA Náisiúnta á fhorbairt a bhfuiltear ag súil a bheidh críochnaithe faoi dheireadh 2027, agus tacóidh an tuarascáil seo leis an bpróiseas cinnteoireachta don phlean. |
| **Spriocdháta** | **Úinéirí*** | **Stádas Deiridh** |
| R3 2024 | RAFC, RFTF | Críochnaithe |
| **Gníomh 27** | | **Nuashonraigh** |
| 27. Plean a fhorbairt chun rannpháirtíocht le suíomhanna tástála muirí atá ann cheana féin agus an úsáid a bhaintear astu a chur chun cinn. | | Leanfaimid ag cinntiú go gcuirtear Áis Tástála Aigéin Náisiúnta LiR chun cinn don tionscal chomh fada agus is féidir. Mar thoradh ar dhúshlán dlíthiúil i ndáil le láithreáin tástála SmartBay agus AMETS, ní féidir dul chun cinn a dhéanamh ar fhorbairt forleithne phlean ag an am seo. |
| **Spriocdháta** | **Úinéirí*** | **Stádas Deiridh** |
| R3 2024 | RFTF (Foghrúpa TF&N RFTF) | Ní bheidh sé críochnaithe/dul chun cinn |

| Gníomhartha | | |
|---|---|---|
| **Gníomh 28** | | **Nuashonraigh** |
| 28. Tacaíocht Stáit a choinneáil dár láithreáin tástála reatha nó bheartaithe agus iniúchadh a dhéanamh ar an bhféidearthacht chun tacú le suíomhanna tástála breise. | | Tá sé beartaithe ag ÚFIÉ Treochlár Taighde agus Nuálaíochta FIOT na hÉireann a fhoilsiú faoi Ráithe 2026 (CAP 2021, 2023), ina gcuimseofar riachtanais forála láithreáin tástála a thabharfaidh léargas ar stádas agus ar dheiseanna T&F náisiúnta. |
| **Spriocdháta** | **Úinéirí*** | **Stádas Deiridh** |
| Ar siúl faoi láthair | RAFC, ÚFIÉ, FM | Críochnaithe ar bhealaí eile nó a mhéid is féidir |
| **Gníomh 29** | | **Nuashonraigh** |
| 29. Iniúchadh a dhéanamh ar an gcás maidir le bosca gainimh rialála a fhorbairt le haghaidh gaoithe amach ón talamh agus teicneolaíochtaí gaolmhara. | | Cuireadh tuarascáil chomhairleach ar fáil do RFTF ina dtugtar le fios go bhféadfadh fiúntas a bheith ag baint le bosca gainimh forbartha ag an tionscal in imthosca áirithe, agus moltaí a rinneadh maidir leis na chéad chéimeanna eile a bhféadfadh an Rialtas machnamh a dhéanamh orthu i rith na n-ullmhúchán. Tá machnamh á dhéanamh ag RFTF ar an tuarascáil i láthair na huaire. |
| **Spriocdháta** | **Úinéirí*** | **Stádas Deiridh** |
| R2 2025 | RFTF | Críochnaithe |
| **Gníomh 30** | | **Nuashonraigh** |
| 30. Taispeántas TF&N Amach ón Talamh agus Imeacht Rochtana ar Airgeadas a reáchtáil chomh maith le ceardlanna ar líne a chuireann béim ar na tacaíochtaí atá ar fáil d'eagraíochtaí feadh an tslabhra soláthair FGT. | | Críochnaithe in 2024. |
| **Spriocdháta** | **Úinéirí*** | **Stádas Deiridh** |
| R4 2024 | RFTF | Críochnaithe ar bhealaí eile nó a mhéid is féidir |

| Gníomhartha | | |
|---|---|---|
| **Gníomh 31** | | **Nuashonraigh** |
| 31. Feachtas cumarsáide a fhorbairt chun deiseanna TF&N a chur chun cinn | | I Ráithe 2 2025, sheol RFTF feachtas chun aird a tharraingt ar dheiseanna maoinithe ábhartha a raibh an Rialtas ag tacú leo agus chun próifíl na gaoithe amach ón talamh in Éirinn a mhéadú.<br><br>D'oibrigh RFTF i ndlúthpháirt le baill de Mheitheal TF&N na Gaoithe Amach ón Talamh RFTF chun forléargas cuimsitheach ar shruthanna maoinithe a bhí ar fáil i roinnt gníomhaireachtaí a fhorbairt. Foilsíodh an fhaisnéis seo ar fho-leathanach tiomanta de shuíomh gréasáin RFTF, atá nuashonraithe go rialta chun léargas a thabhairt ar spriocdhátaí maoinithe i rith na bliana. Lena chois sin, chomhoibrigh RFTF le páirtithe leasmhara tionscail chun an dara fo-leathanach a chruthú ar a bhfuil cás-staidéir ó eagraíochtaí ar éirigh leo rochtain a fháil ar na tacaíochtaí maoinithe seo.<br><br>Ó seoladh an feachtas i Ráithe 2 2025, tá breis is 25 postáil foilsithe ar chainéil shóisialta na Roinne, rud a spreag go leor rannpháirtíochta dearfaí. Bhí na postálacha éagsúil, rinne siad iarracht feasacht a mhúscailt ar na tacaíochtaí maoinithe atá ar fáil, feasacht a mhúscailt ar na deiseanna a chruthaíonn an tionscal gaoithe amach ón talamh. Chomh maith leis sin, tharraing na postálacha seo aird ar an obair atá á déanamh ag RFTF agus ar dhul chun cinn déanta/gníomhartha curtha i gcrích faoi Ag Cruthú Rathúnais.<br><br>Bhí naisc le fáil sna postálacha ar fad chuig leathanaigh ghréasáin na Roinne a bhain le gaoth amach ón talamh. Ó seoladh an feachtas, tugadh 3,070 cuairt ar leathanach Fuinneamh Gaoithe Amach ón Talamh, agus tugadh 2,570 cuairt ar Ag Cruthú Rathúnais – Straitéis Thionsclaíoch na hÉireann um Fhuinneamh Gaoithe Amach ón Talamh agus tugadh breis is 1,360 cuairt ar a Thuarascáil ar Dhul Chun Cinn Cur Chun Feidhme. D'éirigh go maith leis an dá leathanach gaoithe amach ón talamh a bhí dírithe ar TF&N, Deiseanna Maoinithe agus Nuálaíocht TF&N san Earnáil Gaoithe Amach ón Talamh freisin, tugadh 300+ agus 170+ cuairt orthu faoi seach.<br><br>Is fianaise shoiléir iad na leibhéil rannpháirtíochta seo ar an rath a bhí ar an bhfeachtas chomh fada is a bhaineann le húsáideoirí a chur i dtreo leathanaigh faisnéise na Roinne maidir le gaoth amach ón talamh agus infheictheacht iomlán na dtacaíochtaí atá ar fáil a mhéadú. |
| **Spriocdháta** | **Úinéirí*** | **Stádas Deiridh** |
| I rith 2024 | RFTF | Críochnaithe |
| **Gníomh 32** | | **Nuashonraigh** |
| 32. Glaoch FÉ ar thaighde lasmuigh den chuideachta do ghaoth amach ón talamh le suas le €5 mhilliún de mhaoiniú ar fáil lena cheadú. | | FÉ ag cur réimse tacaíochtaí maoinithe ar fáil |
| **Spriocdháta** | **Úinéirí*** | **Stádas Deiridh** |
| R4 2024 | FÉ | Críochnaithe ar bhealaí eile nó a mhéid is féidir |

| Gníomhartha | | |
|---|---|---|
| **Gníomh 33** | | **Nuashonraigh** |
| 33. Rannpháirtíocht i CNTB a chur chun cinn d'eagraíochtaí a bhíonn ag plé le TF&N le haghaidh earnálacha gaoithe amach ón talamh agus earnálacha gaolmhara. | | Thacaigh RFTF le Gairm 7 CNTB do chuideachtaí slabhra soláthair ábhartha sula dúnadh an ghairm i mí Aibreáin 2025, lena n-áirítear ar an leathanach nua ábhartha de shuíomh gréasáin RFTF (féach ar an nuashonrú faoi ghníomh 6 thuas). Ar aon dul leis an ngealltanas a tugadh faoi Chlár an Rialtais 2025, táthar ag súil le Gairm CNTB eile, agus rachaidh Aonad na Teicneolaíochta Glasa i mbun idirchaidrimh rialta le comhghleacaithe RFTF chun a bheith airdeallach ar an amlíne ábhartha. Tacóidh RFTF le gairmeacha amach anseo i measc a páirtithe leasmhara, mar a rinneadh roimhe seo, agus sa chás gur féidir trí úsáid a bhaint as meáin shóisialta agus as cainéil eile. |
| **Spriocdháta** | **Úinéirí*** | **Stádas Deiridh** |
| Leanúnach ó 2024 | RFTF, FÉ, GFT, Taighde Éireann | Críochnaithe |
| **Gníomh 34** | | **Nuashonraigh** |
| 34. Tacófar le rannpháirtíocht i gClár Comhpháirtíochta Straitéiseach FEÉ agus i gClár Dámhachtana Spoke FEÉ. | | Tá Taighde Éireann ag leanúint ar aghaidh ag cur chun cinn na dtacaíochtaí atá ar fáil. |
| **Spriocdháta** | **Úinéirí*** | **Stádas Deiridh** |
| Glao Leanúnach | Taighde Éireann | Críochnaithe ar bhealaí eile nó a mhéid is féidir |

<table>
<tr><th colspan="3">Gníomhartha</th></tr>
<tr><th colspan="2">Gníomh 35</th><th>Nuashonraigh</th></tr>
<tr><td colspan="2">35. Measúnú a dhéanamh ar an bpoitéinseal chun dlús a chur le forbairt DMAP Chósta an Iarthair agus iniúchadh a dhéanamh ar an gcostas agus an inmharthanacht a bhaineann le tionscnaimh ghaoithe ar snámh amach ón talamh a thionscnamh sa DMAP seo agus Éire ag iarraidh tacaíocht a thabhairt d'fhorbairt na hearnála seo.</td><td>Chun cloí leis an tiomantas a tugadh i gClár an Rialtais chun 'Forbairt Gaoithe Amach ón Talamh a Mhearghníomhú', i Meán Fómhair 2025, cheadaigh an Chomh-Aireacht forbairt a dhéanamh ar Phlean Limistéir Mhuirí Ainmnithe Náisiúnta (PLMA) do ghaoth amach ón talamh. Trí PLMA Náisiúnta amháin a bheith againn soláthrófar níos mó cinnteachta do pháirtithe leasmhara muirí agus don tionscal athnuaiteán agus ceadófar pleanáil straitéiseach chun cinn le haghaidh scileanna, fiontar agus forbairt an tslabhra soláthair ar fud an tionscail. Cuirfear ar chumas calafort forbairt bonneagair a phleanáil chun cinn agus beidh creat iomlánaíoch fadtéarmach ag tacú le pleanáil d'fhorbairt agus d'idirnasc eangaí.<br><br>I láthair na huaire, táthar ag leanúint ar aghaidh leis an obair chun PLMA Náisiúnta d'Fhuinneamh In-athnuaite Amach ón Talamh a ullmhú chun limistéar muirí iomlán na hÉireann a chlúdach agus chun cabhrú le sprioc na hÉireann - 20GW d'athnuaiteáin amach ón talamh - a sholáthar faoin mbliain 2040.<br><br>Táthar ag leanúint ar aghaidh i láthair na huaire le forbairt an PLMA Náisiúnta mar a bhí beartaithe agus foilsíodh an Togra PLMA agus an Ráiteas maidir le Rannpháirtíocht leis an bPobal in 2025, agus tá comhairliúchán fairsing le páirtithe leasmhara pleanáilte i rith 2026, ailínithe leis an sceideal a bhí leagtha amach sa Ráiteas maidir le Rannpháirtíocht leis an bPobal.<br><br>Reáchtáladh rannpháirtíocht shuntasach Trasrialtais ag deireadh 2025 le Ranna a bhfuil freagrachtaí muirí orthu, agus go seachtrach, reáchtáladh sraith ceardlann leis an tionscadal FIOT, leis an Earnáil Bia Mara agus bhí sé beartaithe ENRanna comhshaoil a reáchtáil i Ráithe 1 2026.<br><br>Tá tacaíochtaí do thionscadail sheachtracha bunaithe anois chun críche bainistíochta tionscadail measúnuithe comhshaoil reachtúla, iascaigh agus idirchaidreamh pobail, agus seirbhísí dearaidh agus priontála. Lena chois sin, táthar ag leanúint ar aghaidh le próiseas tairisceana do sheirbhísí dlí agus bhí sé beartaithe an obair seo a chur i gcrích i mí an Mhárta 2026.</td></tr>
<tr><th>Spriocdháta</th><th>Úinéirí*</th><th>Stádas Deiridh</th></tr>
<tr><td>R4 2024</td><td>RAFC</td><td>Críochnaithe ar bhealaí eile nó a mhéid is féidir</td></tr>
</table>

| Gníomhartha | | |
|---|---|---|
| **Gníomh 36** | | **Nuashonraigh** |
| 36. Tabhairt faoi obair bhreise chun measúnú a dhéanamh ar an ról a d'fhéadfadh páirceanna comhtháite fuinnimh a imirt inár gcóras fuinnimh amach anseo, lena n-áirítear na tairbhí a d'fhéadfadh a bheith acu agus na bacainní a d'fhéadfadh a bheith ann (margadh, dlíthiúil nó eile). | | Ar aon dul le Gníomh 6 den Straitéis Náisiúnta Hidrigine, dhírigh RAFC ar rannpháirtíocht thosaigh chun tacú le scóipeáil an ghnímh seo, lena n-áirítear staidéar idirspleách a aithint mar aon le pleananna gníomhaíochta cosúil le PGÚMF RFTF, staidéar ar éileamh hidrigine agus measúnú ar pháirc fuinnimh ghlais, a chuirfidh sonraí agus fianaise ar fáil. Fanfaidh RAFC ar thoradh chuspóirí pleanála an chórais chomhtháite in PGÚMF agus ar mheasúnú táirgeachta breosla eitlíochta inbhuanaithe na Roinne Iompair. Cuirfidh an obair seo le Gníomh 37 agus leanfar léi trí Mheitheal Bonneagair agus Córas an Tascfhórsa Náisiúnta Hidrigine. |
| **Spriocdháta** | **Úinéirí*** | **Stádas Deiridh** |
| R4 2025 | RAFC | Ar siúl ach tá moill ar sheachadadh |
| **Gníomh 37** | | **Nuashonraigh** |
| 37. Measúnú earnála a choimisiúnú ar choincheapa páirce fuinnimh lena n-áirítear anailís ar eacnamaíocht na hinfheistíochta caipitil atá ag teastáil. | | I mí Aibreáin 2025 d'fhoilsigh RFTF an Tuarascáil ar Dhul Chun Cinn Cur Chun Feidhme, 'Measúnú Eacnamaíoch ar Choincheapa Páirc Fuinnimh Ghlais' mar aon le Plean Gníomhaíochta Úsáideoirí Mórfhuinnimh (PGÚMF) an Rialtais.<br>Trí 17 ngníomh, ullmhaíonn PGÚMF do chur chuige pleanbhunaithe le haghaidh comhshuíomh na n-earnálacha úsáideoirí mórfhuinnimh (ÚMF) is déine ar fhuinneamh laistigh de shuíomhanna páirceanna fuinnimh ghlais ar fud ár réigiún. Ailíníonn sé seo beartas tionscail le tosaíochtaí rialtais straitéiseacha eile agus cuirfidh sé dlús le deiseanna d'fhorbairt réigiúnach in earnálacha straitéiseacha atá dian ar fhuinneamh. |
| **Spriocdháta** | **Úinéirí*** | **Stádas Deiridh** |
| R3 2024 | RFTF | Críochnaithe |

| Gníomhartha | | |
|---|---|---|
| **Gníomh 38** | | **Nuashonraigh** |
| 38. 38. Misean aimsithe fíricí a threorú le príomhpháirtithe leasmhara chuig láithreacha idirnáisiúnta inar bunaíodh páirceanna tionsclaíochta fuinnimh ghlais go rathúil. | | I mí na Samhna 2025, threoraigh an RFTF toscaireacht a thug cuairt ar GreenLab sa Danmhairg - sampla ceannródaíoch de Pháirc Fuinnimh Ghlais ina bhfuil táirgeadh fuinnimh in-athnuaite á choshuíomh le héileamh ar fhuinneamh tionsclaíoch. Aithníodh GreenLab mar shampla dea-fhorbartha de choincheap na páirce fuinnimh ghlais sa mheasúnú eacnamaíoch ar an bhféidearthacht a bhaineann le páirceanna fuinnimh ghlais a chuir Gavin and Doherty Geosolutions i gcrích thar ceann RFTF (Gníomh 37).<br><br>Tá nasc díreach ag GreenLab, atá lonnaithe in Skive i lár na Danmhairge, le raon cuideachtaí atá bunaithe ina pháirc thionscail, le feirm ghréine agus ghaoithe 84MW, agus éascaíonn sé nasc tionsclaíoch trí chead a thabhairt do chuideachtaí farasbarr fuinnimh, teasa agus acmhainní eile a roinnt. I measc na gcomhpháirtithe láithreáin in GreenLab tá cuideachtaí a tháirgeann próitéin ainmhithe, bithbhreoslaí, breoslaí glasa agus táirgí inbhuanaithe eile, agus tá sé beartaithe ag GreenLab fáilte a chur roimh thionscail nua ag an láithreán amach anseo.<br><br>I láthair sa Danmhairg le RFTF bhí baill de Thascfhórsa Trasrialtais um Ghaoth Amach ón Talamh, lena n-áirítear ionadaithe ó Fhiontraíocht Éireann (FÉ), Foras na Mara, Ciste Infheistíochta Straitéisí na hÉireann (CISÉ), an Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta, agus Coláiste Náisiúnta Mara na hÉireann.<br><br>Thug an toscaireacht cuairt ar champas Ollscoil Aarhus in Viborg in aice láimhe freisin áit ar tugadh léargas dóibh ar na buntáistí a bhaineann le lucht acadúil a chomhshuíomh le tionscadail phíolótacha fuinnimh in-athnuaite éagsúla chun timpeallacht éifeachtach TF&N a chruthú.<br><br>Chuir an misean aimsithe fíricí seo le gealltanas na hÉireann maidir le scrúdú a dhéanamh ar úsáidí deiridh féideartha le haghaidh fuinneamh in-athnuaite agus chun Páirceanna Fuinnimh Ghlais a fhorbairt. D'óstáil RFTF seimineár gréasáin in 2026 chun an méid a foghlaimíodh ó thaithí GreenLab ar phleanáil, forbairt agus oibriú páirc fuinnimh ghlais a roinnt le pobal níos mó a bhfuil baint aige le córais fuinnimh, bheartais agus phleanála na hÉireann. |
| **Spriocdháta** | **Úinéirí*** | **Stádas Deiridh** |
| R4 2024 | RFTF | Críochnaithe |

| Gníomhartha | | |
|---|---|---|
| **Gníomh 39** | | **Nuashonraigh** |
| 39. Creat píolótach a bhunú chun seachadadh ailínithe giniúna agus greille amach ón talamh agus bealaí chuig an margadh a chumasú lena n-áirítear breithniú ar úsáideoirí móra fuinnimh. | | Tá Meitheal Theicniúil PLMA an Chósta Theas ag obair ar ghníomhartha a bhfuil sé mar aidhm leo measúnú a dhéanamh ar roghanna naisc eangaí do limistéir B, C agus D laistigh de PLMA an Chósta Theas. Beidh an anailís seo mar bhonn leis an gcinneadh maidir le tuilleadh bealaí chun margaidh le haghaidh na láithreán seo.<br>Táthar ag súil go ndéanfar cinneadh maidir le bealach chun margaidh do Lí Ban ag tús 2026 agus go ndéanfar cinntí maidir leis na láithreáin PLMA eile ag an gCósta Theas níos déanaí sa bhliain. |
| **Spriocdháta** | **Úinéirí*** | **Stádas Deiridh** |
| R4 2025 | RAFC, CRF, EirGrid, RFTF, FÉ, GFT | Ar siúl ach tá moill ar sheachadadh |
| **Gníomh 40** | | **Nuashonraigh** |
| 40. Measúnú a dhéanamh ar na tacaíochtaí agus/nó na creataí cumasúcháin a d'fhéadfadh a bheith ag teastáil chun acmhainn a uasmhéadú ó bhealaí malartacha go dtí an margadh. | | In 2025, reáchtáil ÚRLM comhairliúchán poiblí do chreat TLM iomaíoch atá foilsithe anois. In 2026 eagrófar comhairliúchán maidir le Comhaontuithe Ceannaigh Cumhachta Corparáideacha, agus ina dhiaidh sin foilseofar Ráiteas Beartais maidir leis seo. |
| **Spriocdháta** | **Úinéirí*** | **Stádas Deiridh** |
| R4 2025 | RAFC | Ar siúl ach tá moill ar sheachadadh |

* Áit ar tugadh Fondúireacht Eolaíochta Éireann faoi deara roimhe seo mar an t-úinéir, tá sé seo uasdátaithe anois do Taighde Éireann. Mar sin féin, d'fhan téacs gnímh mar a bhí sa bhunghníomh.

# 4. Aguisín A – Gluais Téarmaí



| | |
|---|---|
| **AE** | An tAontas Eorpach |
| **BPA** | Ball de Pharlaimint na hAlban |
| **BSL** | Bord Soláthair an Leictreachais |
| **CAP** | Climate Action Plan |
| **CBAD** | Ciste um Bonneagar, Aeráid agus an Dúlra |
| **CBSÉ** | Corparáid Baincéireachta Straitéiseach na hÉireann |
| **CCGS** | Cumann Chumhacht Gaoithe na Seapáine |
| **CFC** | Comhlacht Feidhmithe Clár |
| **CFIGTS** | Cumann Fuinnimh In-athnuaite Gaoithe Amach ón Talamh ar Snámh |
| **CFMT** | Comhoibriú Fuinnimh na Mara Thuaidh |
| **CGA** | Cuideachta Gníomhaíochta Ainmnithe |
| **CISÉ** | Ciste Infheistíochta Straitéisí na hÉireann |
| **CNMÉ** | Coláiste Náisiúnta Mara na hÉireann |
| **CNO** | An Ciste Náisiúnta Oiliúna |
| **CNTB** | An Ciste Nuálaíochta um Theicneolaíochtaí Bunathraitheacha |
| **CPG** | Comhphlean Gníomhaíochta |
| **CRF** | An Coimisiún um Rialáil Fóntais |
| **CTAM** | Cumann Tionscail na nAthnuaiteán Muirí |
| **CTR** | Cuideachta faoi Theorainn Ráthaíochta |
| **DBT** | Déantóir Buntrealaimh |
| **DBT** | Déantóir Buntrealaimh |
| **DI** | Dearbhuithe Intinne |
| **ÉMÉ** | Éiceachóras Muirí agus Éaneolaíocht (ÉMÉ) |
| **ENR** | Eagraíochtaí Neamhrialtasacha |
| **ET** | Eagraíocht a Dhéanann Taighde |
| **FÉ** | Fiontraíocht Éireann |
| **FEÉ** | Fondúireacht Eolaíochta Éireann |

| | |
|---|---|
| **FGÉ** | Fuinneamh Gaoithe Éireann |
| **FGT** | Fuinneamh Gaoithe Amach ón Talamh |
| **FIOT** | Fuinneamh In-athnuaite Amach ón Talamh |
| **FM** | Foras na Mara |
| **FMIÉ** | Fuinneamh Muirí agus In-athnuaite na hÉireann |
| **GDG** | Gavin & Doherty Geosolutions |
| **GES** | An Ghníomhaireacht Eorpach Spáis |
| **GNAA** | Gnólachtaí Nuathionscanta Ardacmhainne |
| **GT** | Gaoithe Amach ón Talamh |
| **GUD** | Gné Uathúil Dhíolacháin |
| **GW** | Gigeavata |
| **IBFGT** | Ionad Bairr Feabhais Gaoithe Amach ón Talamh |
| **IDC** | Infheistíocht Dhíreach Choigríche |
| **IE** | Éire |
| **IL** | Iarratas ar Luachanna |
| **ITÉ** | Idir-Thrádáil Éireann |
| **LTFMA** | Láithreán Tástála Fuinnimh Mhuirí an Atlantaigh |
| **LTMÉ** | Líonra Tionscail Mhuirí na hÉireann |
| **MATÉ** | Líonra Muirí agus Amach ón Talamh Thuaisceart Éireann |
| **MT** | Meabhrán Tuisceana |
| **MW** | Meigeavata |
| **OBL** | Oll-bhreisluach |
| **OCT** | Oibreoir Córais Tarchurtha |
| **OFMÉ** | Oifig Forbartha Muirí na hÉireann |
| **PGÚMF** | Plean Gníomhaíochta Úsáideoirí Mórfhuinnimh |
| **PLMAnna** | Pleananna Limistéir Mhuirí Ainmnithe |
| **PLMA-N** | Phlean Limistéir Mhuirí Ainmnithe Náisiúnta |

| | |
|---|---|
| **POF** | Príomhoifigeach Feidhmiúcháin |
| **RA** | An Ríocht Aontaithe |
| **RAFC** | An Roinn Aeráide, Fuinnimh agus Comhshaoil |
| **RBATNE** | An Roinn Breisoideachais, Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta |
| **RFTF** | An Roinn Fiontar, Turasóireachta agus Fostaíochta |
| **RG** | Roinn Geilleagair |
| **SGBTE** | Suirbhé Gnó Bliantúil Tionchar Eacnamaíoch |
| **SIFI** | Scéim Iasachta Fáis agus Inbhuanaitheachta |
| **SSER** | Straitéisí Spáis agus Eacnamaíocha Réigiúnacha |
| **STFIOT** | Scéim Tacaíochta an Fhuinnimh In-athnuaite Amach ón Talamh |
| **T&F** | Taighde agus Forbairt |
| **TD** | Teachta Dála |
| **TÉ** | Taighde Éireann |
| **TF&N** | Taighde, Forbairt agus Nuálaíocht |
| **TGTS** | Tascfhórsa Seachadta Gaoithe Amach ón Talamh |
| **TLM** | Toiliú Limistéir Mhuirí |
| **ÚFIÉ** | Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann |
| **ÚMF** | Úsáideoirí Mórfhuinnimh |
| **ÚRLM** | An tÚdarás Rialála Limistéir Mhuirí |


Rialtas na hÉireann
Government of Ireland